# PLEAN SOLÁTHAR SEIRBHÍSE BLIANTÚIL 2022

## Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh

Limerick City & County Council

**Clár na n-Ábhar**


| | |
|---|---|
| Teachtaireacht an Phríomhfheidhmeannaigh | 2 |
| Réamhrá | 4 |
| Struchtúr Eagraíochtúil | 10 |
| Acmhainní Eagraíochtúla faofa i mBuiséad 2022 | 11 |
| An Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Tacaíochta | 13 |
| Stiúrthóireacht na Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta agus Réigiúnacha | 26 |
| An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Gheilleagrach agus Fiontar | 34 |
| An Stiúrthóireacht Pobail, Turasóireachta agus Cultúir | 40 |
| An Stiúrthóireacht Tithíochta | 58 |
| An Stiúrthóireacht um Iompar agus Soghluaisteacht | 63 |
| An Stiúrthóireacht um Pleanáil, Comhshaol agus Comhfhorbairt Áite | 68 |
| Aguisín 1 – Athbhreithniú ar an bPlean Soláthar Seirbhíse Bliantúil 2021 | |

## Teachtaireacht an Phríomhfheidhmeannaigh

Sa Phlean Bliantúil um Sholáthar Seirbhíse tá príomhchuspóirí agus tosaíochtaí an údaráis áitiúil leagtha amach maidir leis na seirbhísí a bheartaíonn sé a sheachadadh gach bliain agus conas a thomhaiseann sé na caighdeáin seachadta agus feidhmíochta a bhaintear amach.

Tá ceanglas lena leithéid de phlean faoi Alt 134(a) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú.

Is é atá sa doiciméad seo ná Plean Bliantúil Seachadta Seirbhíse Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh don bhliain 2022, cosúil le Buiséad Bliantúil 2022 na Comhairle ar ghlac na Comhaltaí Tofa leis an 26 Samhain 2021.

Tá cur síos sa Phlean Soláthar Seirbhíse don bhliain 2022 at na straitéisí ardleibhéil i bPlean Corparáideach 2019-2024, agus tugtar forbhreathnú freisin ar thírdhreach buiséid ionchais na Comhairle don bhliain reatha.

Cuireann na gníomhaíochtaí atá sa Phlean Seachadta Seirbhíse na tosaíochtaí a comhaontaíodh le linn an phróisis bhuiséadaithe bhliantúil san áireamh agus beidh siad aoi réir na n-ionad caiteachais agus costais fosheirbhíse mar atá sonraithe i mBuiséad Bliantúil 2022, i dteannta le Sceideal Oibre an Cheantair Uirbigh mar atá faofa ag na Ceantair Uirbeacha agus Bhardasacha don bhliain.

I rith 2021, bhí ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leanúint ag freagairt d'iarmhairtí na paindéime COVID-19 agus na leibhéil éagsúla srianta a bhí i bhfeidhm.

Ba é toradh ghairmiúlacht, athléimneacht, thiomantas agus diongbháilteacht na foirne ná gur sholáthair Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a príomhsheirbhísí go léir le linn 2021, agus í ag stiúradh iarracht an phobail chun déileáil leis na dúshláin an víris.

Chuir an phaindéim brú breise ar an gComhairle in 2021 maidir le hitheachán faoin aer agus oibreacha sóisialta agus i soláthar seirbhísí i gcoitinne.

12 mhí chrua a bhí ann do chách, go háirithe ár bpobal gnó a raibh orthu oibriú faoi shrianta diana agus muid ar fad ag foghlaim conas maireachtáil le COVID-19. Chuir geilleagar Luimnigh tús lena théarnamh i lár 2021 agus muid ag tosú ag athoscailt tar éis COVID-19 agus leanaimid ag téarnamh i rith 2022.

Lean an ghéarchéim le béim a chur ar fhíornádúr na seirbhíse poiblí i bpobail ar fud Luimnigh, agus bhí ar an gComhairle glacadh le bealaí nua chun seirbhísí a sholáthar.

Agus an tsochaí ag tosú ag baint shrianta le COVID-19 agus ag atosú ar an ngnáthshaol laethúil, leanfaidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le teicneolaíocht agus nuálaíocht a ghlacadh chun an leibhéal ard seirbhísí a bhfuil saoránaigh Luimnigh ag súil leo a chur ar fáil.

Is é an caiteachas measta iomlán sa Bhuiséad atá glactha do 2022 ná €952.233 milliún, sin méadú €94.999 milliún ar an méid ar glacadh leis do 2021. Is é Lárionad Seirbhísí Comhroinnte idirbheartaíochta na hÍocaíochta Náisiúnta um Chúnamh Tithíochta (HAP) an chuid is mó den mhéadú seo (€89.995). milliún).

Mar sin féin, tá brú trasna roinnt príomhrannóg ioncaim (m.sh. rátaí tráchtála, cíosanna) a chruthaíonn rialuithe nua ar chaiteachas.

Tá Luimneach réidh anois le leas a bhaint as na deiseanna atá amach romhainn. Teastóidh infheistíocht agus tiomantas ar fud gach earnála dár sochaí agus dár ngeilleagar maidir le próiseas téarnaimh náisiúnta agus áitiúil COVID-19. Beidh baint ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh sa phróiseas téarnaimh seo.

Agus an clár uaillmhianach oibre seo á chur i gcrích, tuigeann an Chomhairle an gá atá leis an úsáid atá á baint aici as a cuid acmhainní a uasmhéadú, an gá atá le cumarsáid feabhsaithe, le béim ar sheirbhísí do chustaiméirí, comhpháirtíocht, rannpháirtíocht saoránach agus cuimsiú sóisialta.

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag feidhmiú mar eagraíocht réamhghníomhach ar mhaithe le freastal ar phobal Luimnigh.

Tá an Chomhairle tiomanta do sholáthar seirbhíse ar ardchaighdeán a chomhlíonadh. Chuige sin, leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le faireachán agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeáin feidhmíochta le Príomhtháscairí Feidhmíochta áitiúla(PTFanna) agus leis na táscairí feidhmíochta atá sonraithe ag an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI).

In 2022, glacfaidh an Chomhairle leis an gcéad Chomhphlean Forbartha do Luimneach. Cuirfimid dlús freisin faoi sheachadadh na dtionscadal inbhuanaithe atá aitheanta i ndréacht-Straitéis Iompair Cheantar Cathrach Luimnigh na Sionainne i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair.

Comhlíonfaimid de réir mar is gá an sainordú tugtha ag muintir Luimnigh oifig an Méara a bheidh Tofa go Díreach a chruthú ag a mbeidh cumhachtaí feidhmiúcháin a bhunú agus cur leis na deiseanna a chruthóidh an ceapachán seo do Luimneach.

Leanfaidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, i gcomhpháirt lena Comhaltaí Tofa, muintir Luimnigh agus a páirtithe leasmhara, lena léiriú gur contae athléimneach muid agus fís agus straitéis againn le bheith solúbtha, nuálach, agus duinelárnach.

An Dr Pat Daly,
Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

## Réamhrá

Tá an Plean Soláthar Seirbhíse bunaithe ar na Príomhchuspóirí agus ar na Straitéisí Tacaíochta, atá sonraithe sa Phlean Corparáideach. Tá cur síos ann ar na príomhghníomhaíochtaí atá beartaithe a chur i gcrích i ngach réimse seirbhíse in 2022. Chomh maith leis sin, sainaithnítear ann na caighdeáin feidhmíochta le haghaidh na seirbhísí.

Tá an Plean Soláthar Seirbhíse ailínithe leis na nithe seo a leanas:

- Cuspóirí Straitéiseacha Corparáideacha
- Straitéis agus Cuspóirí Buiséid

| Cuspóirí Straitéiseacha Corparáideacha |
|---|
| Comhairle Cathrach agus Contae atá uaillmhianach agus nuálach a chothabháil ar mhaithe le muintir Luimnigh |
| An geilleagar a fhorbairt agus deiseanna a chruthú i Luimneach |
| Infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar Luimnigh, an timpeallacht nádúrtha agus thógtha agus meascán uathúil oidhreachta a chosaint |
| Athrú chuig geilleagar atá inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de agus neodrach ó thaobh carbóin de |
| Luimneach atá sláintiúil agus sábháilte, agus ina bhfuil cuimsiú sóisialta le tabhairt faoi deara, a chur chun cinn |
| Rannpháirtíocht ghníomhach a dhéanamh lenár bpobail |
| Oibriú lenár gcomhghleacaithe ar fud na hearnála poiblí agus lenár gcomhpháirtithe san earnáil dheonach/pobail chun gealltanas comhroinnte atá sonraithe i gCairt Luimnigh a sholáthar do Luimneach |
| A bheith éifeachtach agus tiomanta do sheirbhísí a sholáthar a thacóidh le Luimneach nuálach |

## Straitéis agus Cuspóirí Buiséid

### Tá príomhchuspóirí Bhuiséad 2022 sonraithe thíos:

### 1. Tithíocht agus Athnuachan

- DSpriocanna 2022 a bhaint amach thar na 4 chonair laistigh den phlean 'Tithíocht do Chách'
    - Conair 1: Tacú le hÚinéireacht Tí agus Inacmhainneacht a Mhéadú
    - Conair 2: Easpa Dídinea Dhíothú, Seachadadh Tithíochta Sóisialta a Mhéadú agus Tacú le Cuimsiú Sóisialta

    - Conair 3: Soláthar Tithíochta Nua a Mhéadú
    - Conair 4: Aghaidh a thabhairt ar Réadmhaoin Fholamh agus Úsáid Éifeachtach an Stoic
- Leanúint leis an gClár Athnuachana a thacú (Fisiciúil, Sóisialta & Geilleagrach).
- An méid tairbhe agus is féidir a bhaint as Comhlachtaí Tithíochta Faofa mar príomhshásra soláthair.
- Leanúint leis an gClár Cothabhála Beartaithe chun foinsí breise maoinithe a threisiú.
- Acmhainní a chothabháil don bhuiséad cothabhála chun freastal ar éilimh leanúnacha ár stoc tithíochta agus maoiniú meaitseála a sholáthar chun déileáil le bearnaí, réadmhaoin thréigthe agus fholamh.
- Príomhláithreáin a fhorbairt atá faoinár n-úinéireacht atá sainaitheanta do thithíocht shóisialta agus inacmhainne.
  Acmhainní Bainistíochta Eastát agus Forfheidhmithe Tionóntachta a chothabháil.

**2. Pleanáil, Comhshaol & Comhfhorbairt Áite**

- An timpeallacht nádúrtha agus thógtha a chosaint do Chathair agus Contae Luimnigh lena n-áirítear dlús a chur leis an gclár CFRAMS i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (ONP).
- Leanúint leis an obair a bhaineann le spriocanna athraithe aeráide 2030 agus cuspóirí na Creat-treorach Uisce agus an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a chomhlíonadh.
- Breis fócais ar Chomhfhorbairt Áite a chinntiú i seachadadh an Chláir Chaipitil
- Tionscadal ríomhphleanála a sheachadadh agus ar an gcaoi sin cur le rannpháirtíocht le hiarratasóirí agus leis an bpobal tríd an bpróiseas pleanála
- Áiseanna nua agus feabhsaithe spóirt agus áineasa a sholáthar

**3. Tá an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Pobail chun níos mó béime a leagan ar roinnt réimsí idirghaolmhara a bhaineann le tacú le pobail**

- Tacaíochta um Fhorbairt Phobail
    - Rannpháirtíocht le agus comhairle do phobail maidir le scéimeanna deontais agus bearta tacaíochta eile de chuid na Comhairle lena n-áirítear:
        - Tacaíochtaí agus scéimeanna deontais bainteach le Covid-19 chun cabhrú le téarnamh agus le oiriúnuithe
        - Treoir áitiúil a thabhairt i ndáil le feachtas 'go dté tú slán' an Rialtais
        - Cabhrú le hobair an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPA)
        - An t-uasleibhéal maoinithe a fháil ó ghairmeacha náisiúnta ar mhaoiniú
        - Leanúint le agus más féidir ár gclár tacaíochtaí dár bpobail a fheabhsú
    - Clár cultúrtha agus ealaíon a sholáthar a rachaidh chun tairbhe Shaoránaigh Luimnigh agus cuairteoirí chuig ár gCathair agus Contae agus tacú le hearnáil ealaíonta agus chruthaitheach a bhfuil tionchar fós ag Covid-19 uirthi.
    - Tacaíocht d'fhéilte agus d'imeachtaí athbhunaithe tar éis shrianta Covid i 2020 agus 2021

- Tacú le téarnamh Earnáil Turasóireachta Luimnigh agus dlús a chur le cur chun feidhme Straitéis Forbartha Turasóireachta Luimnigh
- Cur leis an ról atá ag ár leabharlanna, gailearaí & dánlann i gcaighdeán saol ár Saoránach a fheabhsú.

### 4. Forbairt Gheilleagrach

- Luas na hinfheistíochta geilleagraí agus chruthú na fostaíochta sa Chathair agus sa Chontae a atógáil go leibhéil 2019
- A chinntiú go bhfuil Luimneach ar thús cadhnaíochta i ndáil le díriú ar mhaoiniú & infheistíocht Eorpach.
- '*HAPPEN*' a sheoladh go hoifigiúil agus a fhorbairt – ar ardán spás oibre roinnte an mheán-iarthair é agus oibreacha caipitil a chur i gcrích ar E-Mhoil i Mainistir na Féile agus san Ionad um Chomhoibriú Digiteach ar Shráid Shisil.
- Forbairt a dhéanamh ar Athbheochan Gheilleagrach i Lár na Cathrach agus inár mBailte agus leanúint ar aghaidh ag déileáil leis an ngéarchéim san earnáil mhiondíola.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Phleananna Forbartha Cathrach agus Contae Luimnigh agus an chéad Plean Forbartha do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a ullmhú.
- Straitéis dhigiteach a threorú a leagfaidh an bhonnsraith le haghaidh 'Réigiún Luimnigh Cliste & Níos Glaise'.
- Leanúint le Branda Luimnigh a chur chun cinn agus a fhorbairt agus Luimneach a fhorbairt mar cheann scríbe atá oiriúnach d'infheistíocht, do shaol sóisialta, d'ionaid oibre agus d'áiteanna cónaithe.
- Clár tacaíochtaí na hOifige Fiontair Áitiúil a sholáthar don earnáil FBM le linn dóibh a bheith ag déileáil le tionchar Covid-19.

### 5. Iompar & Soghluaisteacht

- Leanúint le hinfheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar tuaithe agus uirbeach trí Sceideal 2021 d'Oibreacha an Cheantair Uirbigh a sholáthar faoi réir maoiniú náisiúnta a bheith ar fáil.
- Dlús a chur le príomhthionscadail bhonneagair chun tacú le fás geilleagrach i Luimneach agus sa Mheán-Iarthair, fás a bhfuil stop curtha leis mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Ina theannta sin, cabhróidh na tionscadail seo le suíomh Luimnigh taobh le bealaí Muirí agus Aeir a bharrfheabhsú i dtimpeallacht iar-Brexit.
- Tionscadail inbhuanaithe sainaitheanta i ndréacht-Straitéis Iompair Cheantar Uirbeach Luimnigh-na Sionainne a chur i gcrích i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair.

### 6. Seirbhísí Tosaigh Údaráis Áitiúil

- Leanúint ag seachadadh ar phríomhsheirbhísí tosaigh agus ár gcumas chun freagairt d'imeachtaí gan choinne ar nós phaindéim Covid agus aimsir foircneach a chothabáíl..

7. **Ionad Seirbhísí Comhroinnte HAP**
    - Spriocanna 2022 atá sonraithe le haghaidh sheirbhís chomhroinnte HAP a chomhlíonadh agus leanúint le seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar fad is atá iarracht á déanamh réitigh nuálacha a chur chun feidhme chun breis éifeachtúlachtaí a sholáthar.

8. Leanúint le héifeachtúlachtaí a lorg i soláthar seirbhíse, laghdú costas agus luach ar airgead.


### Anailís ar Cheanglais Chaiteachais 2022

Tá an caiteachas measta iomlán atá san áireamh sa Bhuiséad le haghaidh 2022 cothrom le €952.232 milliún, méadú €95 milliún i gcomparáid leis an bhfigiúr ar glacadh leis le haghaidh 2021. Is é an fás i gcuntais idirbheartaíochta Ionad Seirbhísí Comhroinnte HAP is cúis le formhór an mhéadaithe seo. De bhrí go bhfuil an caiteachas seo á mheaitseáil ag méadú ar ioncam comhfhreagrach, níl aon ghlanéifeacht aige ar na Forálacha Buiséid. Tá léargas le fáil i dTábla 2 thíos ar chaiteachas Ioncaim bunaithe ar an Rannán.

| Rannán | Buiséad 2022 | Buiséad Faofa 2021 |
|---|---|---|
| A - Tithíocht & Foirgneamh | €46,247,935 | €44,770,339 |
| A - Ionad Seirbhísí Comhroinnte HAP | €749,234,667 | €659,239,948 |
| B - Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre | €47,013,010 | €49,136,641 |
| C - Seirbhísí Uisce | €16,471,573 | €16,152,091 |
| D - Bainistíocht Forbartha | €24,931,389 | €22,691,165 |
| E - Seirbhísí Timpeallachta | €37,191,980 | €34,938,741 |
| F - Áineas & Conláistí | €14,580,049 | €14,189,388 |
| G - Talmh., Oid., Sláinte & Leas | €1,327,103 | €1,349,894 |
| H - Seirbhísí Ilghn. | €15,234,154 | €14,765,389 |
| | **€952,231,860** | **€857,233,596** |


**Tábla 2: Anailís ar Chaiteachais de réir Rannáin**

Tá léargas le fáil sa chairt thíos ar mhiondealú caiteachais de réir gach rannáin.




**Cairt 1: Anailís ar scoilteadh Caiteachais (níl HAP san áireamh) de réir Rannáin**

Taispeántar sa bharrachairt seo a leanas an caiteachas measta do Bhuiséad 2022 le haghaidh gach Rannáin, i dteannta le figiúirí comparáideacha le haghaidh 2021:




| | A - Housing & Building | B - Road Transport & Safety | C - Water Services | D - Developm ent Mgt | E - Environme ntal Services | F - Recreation & Amenity | G - Agri, Ed, Health & Welfare | H - Misc Services |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Draft Budget 2022 €'m | €46.25 | €47.01 | €16.47 | €24.93 | €37.19 | €14.58 | €1.33 | €15.23 |
| Adopted Budget 2021 €'m | €44.77 | €49.14 | €16.15 | €22.69 | €34.94 | €14.19 | €1.35 | €14.77 |

**Cairt 2: Anailís ar Chaiteachas (níl HAP san áireamh) de réir Rannáin - Buiséad 2022 i gcomparáid le Buiséad 2021**


## Anailís ar Ioncam 2022

Beidh an leibhéal caiteachais thuasluaite, atá cothrom le €952.232 milliún, maoinithe ó na foinsí seo a leanas:

| Foinse | Méid |
|---|---|
| 1. Cáin Mhaoine Áitiúil | €19,952,507 |
| 2. Rátaí Tráchtála | €59,279,416 |
| 3. Deontais & Fóirdheontais (iar-HAP) | €68,427,025 |
| 4. Earraí & Seirbhísí (iar-HAP) | €55,339,832 |
| Ioncam Fo-iomlán (Níl HAP san áireamh] | €202,998,780 |
| 1. Cíos Difreálach HAP | €177,079,240 |
| 2. Fóirdheontas HAP ó DHPCLG | €572,153,840 |
| Fo-iomlán HAP | €749,233,080 |
| **Iomlán lena n-áirítear HAP** | **€952,231,860** |

**Tábla 3: Anailís ar Ioncam Bhuiséad 2022**

Tarraingítear aird sa Phíchairt seo a leanas ar an % scoilteadh bunaithe ar an gcatagóir ioncaim, nil HAP san áireamh.




.

**Cairt 3: Anailís ar Ioncam Bhuiséad 2022 [níl HAP san áireamh]**

Tá 66% d’ioncam na Comhairle (níl HAP san áireamh) anois á ghiniúint go háitiúil trí Rátaí Tráchtála (29%), Cáin Mhaoine Áitiúil (10%) agus Earraí & Seirbhísí (27%).

## Struchtúr Eagraíochtúil

# Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh

### SeSirbhísí Tacaíochta

- Airgeadais
- TFC
- Acmhainní Daonna & Feabhsú Gnó
- Seirbhísí Corparáideacha, Rialachais & Custaiméirí
- Margaíocht & Cumarsáid

### Náisiúnta & Réigi SSC

- Íocaíocht Cúnaimh Tithíocht SSC
- Bainistíocht Dramhaíola Réigiún an Deiscirt
- Dóiteáin & Éigeandáil
- Seirbhísí Uisce

### Forbairt Eacnamaíoch & Fiontraíocht

- Trádáil & Infheistíocht
- Oifig FiontairÁitiúil Luimnigh
- Luimneach a nuáil
- Pleanáil Chun Cinn
- Seirbhísí Digiteacha
- Luimneach Fiche Tríocha

### Pobal, Turasóireacht & Cultúr

- Forbairt Pobail Uirbeach & Tuaithe
- Turasóireacht
- Oifig na nEalaíon
- Réadmhaoine & Áiseanna Pobail
- Leabharlanna, Dánlann & Músaem

### Athghiniúint

- Athghiniúint (Geilleagrach, Sóisialta & Fisiciúil)

### Tithíocht

- Seirbhísí Tacaíochta Tithíochta
- Tógáil & Cothabháil Tithíochta UA
- Straitéis & Straitéis Tithíochta Neamh-UA

### Iompar & Soghluaisteacht

- Straitéis Taistil & Iompair
- Taisteal Gníomhach
- Oifig Dearaidh Bóithre Náisiúnta an Mheán-Iarthair
- Bóithre, Tráchta & Glanadh

### Pleanáil, Timpeallacht & Comhfhorbairt Áite

- Comhforbairt Áite & Fearann Poiblí
- Forbairt Pleanála
- Comhshaol, Áineas & Athrú Aeráide
- Nuálaíocht Uirbeach
- Seirbhísí Tréidliachta
- Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh

## Acmhainní Eagraíochtúla faofa i mBuiséad 2022

Sonraítear sa Plean Soláthar Seirbhíse cuspóirí bunaithe ar an mBuiséad atá faofa ag na Comhaltaí Tofa. Chuige sin, déantar foráil i mBuiséad 2022 na Comhairle le haghaidh caiteachas iomlán de €952,232 milliún i ndáil le seirbhísí laethúla. Foráiltear le haghaidh seirbhísí sa Bhuiséad bliantúil agus tá sé sonraithe sna Príomhrannáin Seirbhíse –

| Rannán | Rannán Seirbhíse | Caiteachas Iomlán | % den Bhuiséad |
|---|---|---|---|
| A | Tithíocht agus Foirgneamh | €46,247,935 | 4.9% |
| A | Ionad Seirbhísí Comhroinnte HAP | €749,234,667 | 79% |
| B | Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre | €47,013,010 | 4.9% |
| C | Seirbhísí Uisce | €16,471,573 | 1.7% |
| D | Forbairt Bainistíochta | €24,931,389 | 2.6% |
| E | Seirbhísí Timpeallachta | €37,191,980 | 3.9% |
| F | Áineas agus Conláistí | €14,580,049 | 1.5% |
| G | Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas | €1,327,103 | 0.1% |
| H | Seirbhísí Ilghnéitheacha | €15,234,154 | 1.6% |
| **Iomlán** | | **€952,231,860** | |

Ceann de phríomhfhoinsí ioncaim na Comhairle é rátaí tráchtála agus meastar go mbeidh an figiúr seo cothrom le €59,279,416 in 2022. Beidh an Ráta Bliantúil ar an Luacháil (ARV) mar an gcéanna ag 0.2677 in 2022. Tá an t-ioncam ó fhoinsí éagsúla eile atá glactha ag na Comhaltaí cothrom le €872,999,937. Lena chois sin, tá leithdháileadh na Cánach Maoine Áitiúil le haghaidh 2022 cothrom le €19,952,507. Dírítear sa Phlean Seirbhíse seo ar na príomhsheirbhísí atá á soláthar ar bhonn laethúil agus atá á maoiniú ón mBuiséad Ioncaim.

Seo a leanas na hacmhainní foirne atá ar fáil don Chomhairle amhail Nollaig 2021–

| **Catagóir Fostaí** | **Iomlán** |
|---|---|
| Bainistíocht | 8 |
| Cléiureachas/Riarachán | 548 |
| Gairmiúil/Teicniúil | 226 |
| Lasmuigh | 422 |
| Comhraiceoirí Dóiteáin Lánaimseartha/ar Áirithíocht | 133 |
| Iomlan foriomlán<br>* Ní chuimsíonn sé 103 ball foirne sealadach/Foireann Neamh-DOE/Baill bhreise | 1440* |

Anois sonrófar sa Phlean Soláthar Seirbhíse an plean seirbhíse de réir na Stiúrthóireachta bunaithe ar an mBuiséad faofa.

# An Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Tacaíochta

Tá an Stiúrthóireacht seo freagrach as nithe a eagrú chun a dualgais a chomhlíonadh agus tacú leis an obair eagrúcháin sin. Cuimsítear ann na Ranna seo a leanas - an Roinn Seirbhísí Airgeadais, an Roinn Seirbhísí TFC, an Roinn Acmhainní Daonna, Seirbhísí Corparáideacha, an Roinn Rialachais agus Seirbhísí do Chustaiméirí, an Roinn um Fheabhsú Gnó agus Bainistíocht Saoráidí.

Tá Seirbhísí Airgeadais freagrach as raon seirbhísí lena n-áirítear seirbhísí díreacha don phobal agus bainistíocht airgeadais inmheánach laistigh den Chomhairle. Áirítear ina measc - Cuntais Iníoctha, Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (ACPN), Agresso (Córas Bainistíochta Airgeadais na Comhairle) Tionscadal MS 4, Tacaíocht Agresso, Billeáil Ilghnéitheach agus CBL, Buiséad, Ráiteas Airgeadais Bhliantúil, Cuntais Infhála, Mótarcháin, Bailiú Iasachtaí Tithíochta, Bainistíocht Cuntais Chaipitil, Fíneálacha Tráchta, Sócmhainní Seasta/ Bainistiú Cisteáin

Is príomhsheirbhís inmheánach de chuid na Comhairle iad na seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a sholáthraíonn seirbhísí teicneolaíocha don fhoireann bainistíochta, do chomhaltaí foirne agus do Chomhaltaí Tofa. Áirítear ina measc timpeallacht úsáideora a fhorbairt agus tacaíocht a sholáthar do gach fostaí/comhalta tofa agus bonneagar a fhorbairt agus tacú leis ar fud na Comhairle.

Tá Acmhainní Daonna freagrach as raon seirbhísí tacaíochta a sholáthar d’fhoireann bainistíochta agus do chomhaltaí foirne na Comhairle. Áirítear ina measc earcú agus sannadh comhaltaí foirne leis na scileanna cuí, párolla a ullmhú do phróiseáil lárnach in MyPay i bPort Laoise, riar Corparáideach ama agus tinrimh, soláthar agus riar an Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) lena n-áirítear seirbhísí oiliúna agus forbartha, riaradh pinsean, soghluaisteacht fostaithe, caidreamh idir fostaithe agus fostóirí agus cúnamh le bainistíocht acmhainní daonna.

Soláthraíonn Seirbhísí Corparáideacha raon seirbhísí tacaíochta don fhoireann bainistíochta, do chomhaltaí foirne agus do Chomhaltaí Tofa lena n-áirítear seirbhísí riaracháin do chruinnithe do gach Coiste de chuid na Comhairle, na Cathrach agus Choistí an Cheantair Bhardasaigh agus don Chomhchoiste Póilíneachta. Chomh maith leis sin, tá Seirbhísí Corparáideacha freagrach as bainistíocht saoráidí, struchtúr agus seirbhís na bainistíochta taifead, sláinte agus sábháilteacht, an Clár Toghthóirí agus riar na dtoghchán áitiúil. Ról rialachais na Seirbhísí Corparáideacha lena n-áirítear tacaíocht riaracháin don choiste iniúchta inmheánaí, Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, soláthar agus comhordú Cuideachtaí Comhlachaithe. Soláthraíonn Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht riaracháin iomlán d’Oifig an Mheára agus do Chomhaltaí Tofa.

Déanann an Roinn Sláinte agus Sábháilteachta monatóireacht agus comhordú ar Chóras Bainistíochta Sábháilteachta na Comhairle chun rioscaí d'fhostaithe, do chonraitheoirí, do chuairteoirí agus do bhaill den phobal a scriosadh nó a laghdú, chomh fada agus is féidir le réasún. Chomh maith leis sin, tá an Roinn tiomanta d'fheabhsú leanúnach an chórais bainistíochta sábháilteachta chun comhlíontacht dhlíthiúil agus cultúr sábháilteachta dearfach a chinntiú. I láthair na huaire, tá an roinn ag obair chun caighdeán ISO a bhaint amach i ndáil le córais bainistíochta sláinte agus sábháilteachta ceirde (ISO 45001).

Is é Seirbhís do Chustaiméirí an chéad phointe teagmhála do shaoránaigh agus do chustaiméirí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh atá tá sé freagrach as seirbhís do chustaiméirí agus eispéireas do chustaiméirí den chéad scoth a sholáthar i seirbhísí uile na Comhairle. Chomh maith leis sin, tá an tSeirbhís seo freagrach as sonraí agus ardán teicneolaíochta custaiméirí na Comhairle a bhainistiú – Sugar CRM. Soláthraíonn Seirbhís do Chustaiméirí tacaíocht agus faisnéis ionadach custaiméara agus poiblí trí phríomhchainéil na Comhairle lena n-áirítear; ionad glaonna, ríomhphost, deasc fáiltithe lena n-áirítear íocaíochtaí, tacaíocht ar na meáin shóisialta agus an fheidhm poist a bhainistiú. Chomh maith leis sin, bainistíonn an roinn iarratais seirbhíse ó ionadaithe poiblí agus ó chustaiméirí tríd an ardán My Limerick ar an suíomh gréasáin www.limerick.ie. Chomh maith leis sin, tá seirbhísí eile á soláthar ag Roinn na Seirbhísí do Chustaiméirí thar ceann na hEagraíochta chun éifeachtúlacht do chustaiméirí a chinntiú trí na seirbhísí seo a sholáthar mar chéad phointe teagmhála don chustaiméir.

Tá an Rannóg Margaíochta agus Cumarsáide freagrach as branda Luimnigh a fhorbairt, as cur le próifíl Luimnigh agus as margaíocht agus cur chun cinn na cathrach agus an chontae thar raon earnálacha eadhon, turasóireacht, maireachtáil agus athlonnú, infheistíocht agus oideachas.

Tá sí freagrach freisin as feasacht an phobail ar ról agus ar a ndéanann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh mar cheannaire pobail agus soláthraí seirbhísí riachtanacha a mhéadú, bainistíonn an fheidhm Chumarsáide gach cumarsáid inmheánach agus sheachtrach: lena n-áirítear na meáin agus caidreamh poiblí; na meáin shóisialta; bainistíocht clú agus cumarsáid ghéarchéime.

Déanann an Rannóg Feabhsaithe Gnó maoirseacht ar gach mórthionscadal feabhsúcháin gnó ar fud na heagraíochta, agus ag an am céanna tacaíonn sí le rannóga a gcuid feabhsuithe gnó féin a dhéanamh chun éifeachtúlachtaí agus éifeachtacht níos fearr a bhaint amach.

### Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorparáidigh -

Tá Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorparáidigh atá ag treorú shonrú na bPríomhchuspóirí Seirbhíse don Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Tacaíochta sonraithe thíos:-

| Cur Síos ar an Straitéis Tacaíochta | Cuspóir Straitéiseach Corparáideach |
|---|---|
| A chinntiú gur tionscnóir é Luimneach i réigiún an Mheán-Iarthair trí chur isteach dearfach agus rannpháirtíocht dhearfach saoránach. | Sprioc 1 |
| Tacú leis an aistriú chuig Méara Tofa go Díreach, rud a chuirfidh Luimneach ag croílár athchóiriú agus nuálaíocht an Rialtais Áitiúil. | Sprioc 1 |
| Níos mó saineolais agus eolais a bheith á roinnt ionas go mbeifear ag díriú níos mó ar thorthaí sochaíocha atá dírithe ar an saoránach. | Sprioc 7 |
| Feidhmiú mar eagraíocht sholúbtha agus éifeachtach a bheidh dírithe ar an saoránach trí bheartais, próisis agus córais. | Sprioc 8 |
| Bóithre agus sráideanna, Tithíocht, Fóillíocht agus Áiseanna, Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála (lena n-áirítear Cosaint Shibhialta, Bainistíocht Móréigeandála agus Sábháilteacht Uisce), Seirbhísí Timpeallachta agus Tréidliachta agus feidhmeanna reachtúla eile a bhainistiú agus a chothabháil chun tairbhe ár saoránach. | Sprioc 8 |
| Cláir forbartha gairme a chur chun feidhme dár bhfoireann ionas go mbeidh na scileanna, an taithí agus an cumas cuí acu chun na dúshláin a bhaineann le cur chun feidhme an phlean seo a shárú. | Sprioc 8 |
| Tomhais feidhmíochta atá luaite le spriocanna sonracha don phobal a fhorbairt agus a fhoilsiú. | Sprioc 8 |
| Sábháilteacht, Sláinte agus Leas gach fostaí nó aon duine a bhféadfadh tionchar a bheith ag ár ngníomhaíocht oibre air/uirthi a chosaint, chomh fada agus is féidir le réasún. | Sprioc 8 |
| Bealaí nua oibre a fhorbairt agus tairbhe a bhaint astu lena n-áirítear Seirbhísí do Chustaiméirí a fhorbairt ionas go mbeidh sé níos éasca seirbhísí na Comhairle a rochtain agus níos costéifeachtaí freisin trí sheirbhís agus eispéireas ar ardchaighdeán do chustaiméirí a sholáthar. | Sprioc 8 |

### Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais –

Sonraítear sa tábla thíos na Príomhsheirbhísí atá le soláthar agus an fhoráil bhuiséadach ar ghlac Comhaltaí de Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leo i mBuiséad 2022 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú:-

| Príomhsh eirbhís /Buiséad | Cur Síor ar an tSeirbhís | Iomlán € |
|---|---|---|
| A01 | Cothabháil/Feabhsú Aonaid Tithíochta an Údaráis Áitiúil (UA) | 1,233 |
| A06 | Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta | 635,801 |
| A08 | Iasachtaí Tithíochta | 857,860 |
| A11 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitithe | 4,000 |
| B04 | Bóthar Áitiúil – Cothabháil agus Feabhsú | 25,000 |
| B05 | Soilsiú Poiblí | 135,603 |
| C01 | Soláthar Uisce | 112,845 |
| C02 | Cóireáil Fuíolluisce | 28,000 |
| D05 | Forbairt agus Cur Chun Cinn na Turasóireachta | 790,449 |
| D09 | Forbairt agus Cur Chun Cinn Geilleagrach | 216,000 |
| D10 | Bainistiú Réadmhaoine | 409,646 |
| E01 | Oibriú agus Iarchúram Líonta Talún | 236,650 |
| E10 | Sábháilteacht Déanmhas agus Áiteanna | 48,000 |
| F02 | Oibriú na Seirbhíse Leabharlainne agus Cartlainne | 222,438 |
| F04 | Forbairt Pobail, Spóirt agus Fóillíochta | 30,000 |
| F05 | Oibriú an Chláir Ealaíon | 26,043 |
| H01 | Cuntas Brabúis/Caillteanais Innealra | 129,922 |
| H02 | Cuntas Brabúis/Caillteanais Stórtha | 26,998 |
| H03 | Riar Rátaí | 6,414,843 |
| H04 | Costais Saincheadúnais | 118,458 |
| H05 | Costais Oibrithe Marbhlainne agus Cróinéara | 347,816 |

| | | |
|---|---|---|
| H09 | Ionadaíocht Áitiúil/Ceannaireacht Chathartha | 1,669,863 |
| H10 | Mótarcháin | 677,805 |
| H11 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitithe | 692,822 |
| J01 | Costais Foirgneamh Corparáideach | 3,977,900 |
| J02 | Seirbhísí Corparáideacha Ginearálta | 4,899,828 |
| J03 | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide | 2,504,005 |
| J04 | Seirbhísí Priontála/Seomra Poist | 196,293 |
| J05 | Feidhm Acmhainní Daonna | 2,933,614 |
| J06 | Feidhm Airgeadais | 1,499,336 |
| J07 | Pinsin agus Costais Chnapshuime | 16,607,842 |
| J08 | Oifigí Ceantair | 125,382 |
| Iomlán | | 46,602,295 |

### Príomhchuspóirí Seirbhíse -

Sonraítear sa tábla thíos na cuspóirí soláthar seirbhíse a bhaineann leis na príomhsheirbhísí a sholáthrófar i rith 2022:-

| Príomhsheirbhísí | Cuspóir | Caighdeán Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Comhaltaí Tofa agus Riar Cruinnithe | Leanúint ag forbairt agus ag tacú le ról daonlathach na gComhaltaí Tofa chun ligean dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh mar ionadaithe tofa.<br><br>Oifig an Mhéara a chothabháil. | Cruinnithe reáchtáilte, gnó an chláir oibre déanta, bearta leantacha curtha i gcrích. Ceanglais reachtúla comhlíonta.<br><br>Tacaíocht riaracháin a sholáthar do Mhéara Chathair agus Chontae Luimnigh, do Chathaoirleach an Cheantair Cathrach |
| Rialachas | Cloígh le ceanglais reachtúla agus le dea-chleachtas i Rialachas Corparáideach | Na cuspóirí mar atá leagtha amach san Acht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú) a |

| | | |
|---|---|---|
| Corparáideach | | chomhlíonadh lena n-áirítear na nithe seo a leanas a ullmhú:<br>• Plean Corparáideach<br>• Tuarascálacha an Phríomhfheidhmeannaigh<br>• Tuarascáil Bhliantúil<br>• Coiste Iniúchóireachta<br>• Iniúchadh Inmheánach<br>• Bainistíocht Riosca<br>• Cuideachtaí Comhlachaithe<br>• Táscairí Feidhmíochta<br>• Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn<br>• Clár Eitice<br>• Plean Soláthar Seirbhíse Bliantúil |
| Bainistiú Toghcháin | Clár Toghthóirí a chothabháil agus Toghcháin Áitiúla a bhainistiú de réir na gceanglas reachtúil. | An Clár Deiridh, Dréachtchlár agus Clár Forlíontach a fhoilsiú;<br><br>Oibriú agus bainistiú Toghchán Áitiúil de réir mar is gá |
| Imeachtaí Corparáideacha agus Cathartha | Gach ócáid fáiltithe Cathartha agus Méara a eagrú mar a iarrtar | Fáiltithe Cathartha, Fáiltithe Méara agus Bál Bliantúil an Mhéara a eagrú agus a bhainistiú |
| Rochtain ar Fhaisnéis | Comhlíontacht le ceanglais reachtacha a bhaineann le SF, Cosaint Sonraí, gearáin chuig an Ombudsman agus Nochtuithe Cosanta a chinntiú. | Achomhairc a athbhreithniú de réir spriocdhátaí reachtúla |
| Cosaint Sonraí | Cloí leis an gceanglas reachtúil a bhaineann le Beartas Cosanta Sonraí | Faomhadh an Bheartais Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí<br><br>Prótacal a chur chun feidhme le haghaidh Alt 40 den Acht Cosanta Sonraí i ndáil le comhaltaí tofa<br><br>An fhreagairt d'iniúchadh an Choimisinéara um Chosaint Sonraí maidir le CCTV a chomhordú |

| | | |
|---|---|---|
| Bainistíocht Cartlann agus Taifead | Clár um athrú cultúrtha a sholáthar a athróidh an bealach a bhainistíonn Comhairle Contae agus Cathrach Luimnigh a cuid faisnéise bunaithe ar scéim rangaithe faisnéise rialtais áitiúil (SRFRA) forbartha ag Comhairle Contae agus Cathrach Luimnigh.<br><br>Sceideal Coinneála LOGICS a fhorbairt agus gach formáid a chur san áireamh<br><br>Taispeántas | An Clár LITe a chur i gcrích chun Córas Bainistíochta Taifead Leictreonach a fhorbairt ina mbeidh coimeád agus diúscairt uathoibrithe comhtháite le ríomhphost. Ranna breise, OFA agus Innovate Limerick le cur san áireamh. Córas Bainistíochta Taifead Leictreonach a chothabháil agus tacaíocht a sholáthar d'úsáideoirí.<br><br>Cur le sceideal coinneála LOGICS chun gach taifead páipéir agus formáidí eile a chur san áireamh chun tacú le maoirseacht agus cur chun feidhme tréimhsí coinneála faoi RGCS de réir an Bheartais Náisiúnta Choinneála athbhreithnithe.<br><br>An Conradh, 1921: Taifid ón gCartlann; Taispeántas na Cartlainne Náisiúnta a dhírigh ar chomóradh céad bliain ar shíniú an Chonartha Angla-Éireannaigh i 1921. |
| Sláinte agus Sábháilteacht | Sábháilteacht, Sláinte agus Leas gach fostaí nó aon duine a bhféadfadh tionchar a bheith ag ár ngníomhaíocht oibre air/uirthi a chosaint, chomh fada agus is féidir le réasún | Caighdeáin feidhmíochta leagtha amach in SMC. Clár oibre molta do 2022 tar éis fhaomhadh na Foirne Bainistíochta. |
| Tacaíocht Sugar CRM | Leanúint le cainéil thúslíne idirghníomhaíochta le custaiméirí agus le hionadaithe poiblí a bhainistiú trí chásmhonatóireacht SugarCRM a chinntiú | Príomhtháscairí feidhmíochta SugarCRM a chinneadh agus spriocanna a shonrú chun feabhsuithe a chinntiú. |
| Soláthar | Dea-chleachtas agus luach ar airgead a chinntiú de réir Threoracha, Reachtaíocht & Bheartais Eorpacha, Náisiúnta & | Tuarascálacha Míosúla curtha faoi bhráid na foirne bainistíochta ar chéatadán comhlíonta/neamhchomhlíonta in aghaidh caiteachais. |

| | | |
|---|---|---|
| | Áitiúla. Soláthar Poiblí Glas (SPG) a chur chun cinn laistigh den Chomhairle. | Sonraí an Chód Caiteachais Phoiblí uaslódáilte chuig an suíomh Gréasáin (má bhaineann).<br><br>Rianaire Caiteachais OGP – úsáid FW Náisiúnta le tiomsú do Thuarascáil Bhliantúil an OGP.<br><br>Athbhreithniú leanúnach ar thagairtí soláthair atá in úsáid ar Agresso.<br><br>Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh GPP ag teacht le treoir/teimpléid GBRÁ/OGP.<br><br>Cur ar aghaidh agus fhaisnéis soláthair ar fad a bheith ar fáil ar an inlíon.<br><br>Leanúint ar aghaidh ag forbairt Aonad nuabhunaithe um Maoirseacht Foréileamh chun comhlíonadh beartas soláthair a fheabhsú agus chun cur chuige comhsheasmhach a chinntiú ar fud na heagraíochta.<br><br>Clár conarthaí a fhorbairt chun maoirseacht bhreise a sholáthar. |
| Bainistíocht Saoráidí Foirgneamh Corparáideach | Comhlíontacht le Caighdeáin Tógála | Tuairisciú ar dheisiúcháin foirgneamh le cur le Sugar CRM<br><br>Ath-thairiscint ar an gconradh cothabhála – leathnaithe chun gach gné de sheirbhísiú foirgneamh díreach atá ann faoi láthair a chur san áireamh.<br><br>Cothabháil agus Deisiúcháin Reachtúla déanta ar Fhoirgnimh Chorparáideacha Bainistíocht Saoráidí chun Foirgnimh Chorparáideacha a choinneáil sábháilte, glan agus tíosach ar fhuinneamh<br><br>Bainistíocht Saoráidí chun Foirgneamh Corparáideach a choinneáil slán ó thaobh COVID 19 de |

| | | |
|---|---|---|
| | | Oibreacha suntasacha uasghrádaithe sábháilteachta foirgnimh atá aitheanta do fhoirgnimh Chorparáideacha a sheachadadh<br>Various small office remodelling and building services upgrades<br><br>Bainistiú a dhéanamh ar aislonnú Oifigí na Comhairle de réir mar is gá.<br><br>Bainistíocht ar Pháirceáil Foirne<br><br>Moltaí le haghaidh Athfhorbairt Cheanncheathrú nua na Comhairle a chur chun cinn |
| Luach ar Airgead | Luach ar airgead a chinntiú ar fud na heagraíochta | PTFanna a shainaithint chun feidhmíocht a fheabhsú |
| Buiséad Bliantúil | Buiséad Bliantúil a tháirgeadh | Buiséad Bliantúil a tháirgeadh faoi dháta reachtúil |
| Bainistiú Fiach Gníomhach | Bailiúcháin sna réimsí seo a leanas a Uasmhéadú - Rátaí, Iasachtaí Tithíochta, Trácht, ACPN, Tobhaigh Forbartha, Ioncam Ilghnéitheach Eile. | Ag dul ar aghaidh - % Bailithe |
| Ráiteas Airgeadais Bhliantúil | Ráiteas Airgeadais Bhliantúil a Tháirgeadh | Ráiteas Airgeadais Bhliantúil a chríochnú faoi dháta reachtúil |
| Bainistiú Airgead Státchiste | Bainistiú Airgead Státchiste lena náirítear bainistiú Insreafaí & Eissreafaí airgid | Líon Laethanta a bhfuil rótharraingt ag an gComhairle |
| Luimneach 2030 | Luimneach 2030: Bainistíocht sreabhaidh airgid, íostarraingtí iasachta, sonraisc de chuid Luimneach 2030 a phróiseáil, billeálacha Luimneach 2030 le haghaidh iasachtaí eisithe, agus caidreamh le hinstitiúidí iasachtaithe a bhainistiú. | Leanúnach |

| | | |
|---|---|---|
| Cuntais Iníoctha | Bainistíocht Fheidhm na gCuntas Iníoctha | A chinntiú go n-íoctar soláthraithe na Comhairle go pras agus go beacht |
| Clár Caipitil 3 Bliana | Clár Caipitil 3 Bliana a Tháirgeadh | Buiséad Caipitil 3 Bliana a Chríochnú |
| Bainistíocht Tionscadail | Creat Bainistíochta Tionscadail a leabú i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh | Rianú ama, raon feidhme agus airgid i ndáil le gach tionscadal caipitil ar fud na heagraíochta |
| Tionscadail um Fheabhsú Gnó | Obair a dhéanamh chun dlús a chur le torthaí príomhthionscadal feabhsaithe sainaitheanta. Oibriú le ranna inmheánacha chun feabhsuithe/éifeachtúlachtaí ilréimsiúla a fhorbairt. | Cur chuige bunaithe ar fhianaise agus ar shonraí i ndáil le feabhsuithe soláthar seirbhíse a chinntiú agus torthaí lena mbaineann luach a sholáthar don eagraíocht. |
| Dearadh Seirbhíse | Deis a thabhairt don phobal páirt a ghlacadh i ndearadh agus i soláthar seirbhísí. | Cuimsiú saoránach, más cuí, i ndáil le gach tionscadal feabhais. |
| Catalóg Seirbhísí | Catalóg bunaithe atá nasctha leis an gcóras inmheánach CRM chun riachtanais leibhéal seirbhíse a thomhas. | Gach seirbhís túslíne le cur san áireamh sa Chatalóg Seirbhísí. Sonraí úsáidte i ndáil le buiséid agus leithdháileadh acmhainní. |
| Rannpháirtíocht Saoránach | A chinntiú go bhfuil deis ionchuir ag an bpobal i bpleanáil, dearadh, cur chun feidhme agus athbhreithniú seirbhísí poiblí tríd an tairseach rannpháirtíochta ar líne My Point a bhainistiú. | Líon comhairliúchán ar fáil ar líne. |
| Cumarsáid Inmheánach | A chinntiú go bhfuil líne chumarsáide ar fud na heagraíochta | Teimpléad cumarsáide bunaithe. Aip Foirne chun breis rannpháirtíochta le comhaltaí foirne a chinntiú. Reáchtáil an Líonra Idirchaidrimh Foirne cruinniú gach dara mí. Rinneadh Fóram na nDaoine Scothaosta a riar gach mí. Comhaontuithe Inmheánacha Leibhéal Oibríochtúil bunaithe |

| | | |
|---|---|---|
| Earcaíocht | An pearsanra leis na cáilíochtaí is oiriúnaí a earcú ar bhonn tráthúil chun poist sainaitheanta a líonadh bunaithe ar riachtanas gnó agus buiséid atá ar fáil. | Líon agallamh reáchtáilte laistigh den amfráma inghlactha agus líon folúntas líonta go rathúil. |
| Leas Foirne | Timpeallacht thacúil a sholáthar do chomhaltaí foirne chun leas foirne agus rochtain ar thacaíochtaí a éascú. | Clár folláine a sholáthar a chuimsítear ann cur chun cinn gníomhach Clár Cúnaimh d'Fhostaithe agus oiliúint agus imeachtaí spriocdhírithe folláine. Clár bainistíochta saoire bhreoiteachta a bhfuil monatóireacht á déanamh air, agus atá á chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach a chur chun feidhme. |
| Foghlaim agus Folláine | Baill foirne a éascú chun barr a gcumais a bhaint amach trí chlár sainaitheanta oiliúna agus forbartha, agus a gcuid oibre ar mhaithe leis an gComhairle a uasmhéadú. | Clár foghlama agus folláine a sholáthar, bunaithe ar riachtanais chriticiúla agus curtha in oiriúint do riachtanais na hEagraíochta. Cabhróidh an clár seo le comhaltaí foirne tairbhe a bhaint as deiseanna foghlama riachtanacha agus forbarthacha agus, ar an tslí sin, acmhainn foirne a fheabhsú. |
| Párolla agus Pinsin | I gcomhpháirt le Seirbhísí Comhroinnte MyPay, a chinntiú go n-íoctar párolla agus pinsin go pras agus go beacht de réir na reachtaíochta agus na n-amfrámaí ábhartha. | I gcomhpháirt le Seirbhísí Comhroinnte MyPay, íoctar párolla agus pinsin de réir na reachtaíochta agus na n-amfrámaí ábhartha. |
| Caidreamh Tionsclaíoch | Forbairt timpeallacht caidreamh tionsclaíoch a éascú a sholáthraíonn meicníocht chun athrú a bhainistiú, feidhmíocht a bhainistiú agus saincheisteanna atá á ndíospóidiú a réiteach de réir na meicníochtaí ábhartha réitigh díospóidí. | Is iarracht réamhghníomhach é sceideal de chruinnithe comhsheasmhacha rialta le Ceardchumainn chun saincheisteanna athraithe, feidhmíochta agus leas foirne a shainaithint agus a réiteach. Próiseas comhaontaithe réitigh díospóidí sa chás nach féidir teacht ar chomhaontú. |
| Am agus Tinreamh | A chinntiú go bhfuil na cuspóirí atá sonraithe sa Scéim Bainistíochta Tinrimh á gcomhlánú ag gach ball foirne. | Monatóireacht chuimsitheach a dhéanamh ar an Scéim Bainistíochta Tinrimh lena chinntiú go bhfuil am agus saoire á dtaifeadadh ag comhaltaí |

| | | |
|---|---|---|
| | | foirne de réir bheartais agus phrionsabail na Comhairle. |
| Seirbhísí na Deisce Freastail | • Tacaíocht Theicniúil Úsáideora agus Trealaimh a sholáthar go freagrúil agus go gairmiúil. | • Mearfhreagairt thosaigh de réir an Chomhaontaithe Leibhéal Seirbhíse i dteannta le réiteach féideartha nó iarratas ar bhreis faisnéise.<br>• Meánmhéid Ama chun ticéad a dhúnadh <15 uair an chloig (90% de thicéid).<br>• Ailt Bunachair Eolais úsáidte chun cabhrú le húsáideoirí a dticéid féin a réiteach.<br>• Ailt Bunachair Eolais cruthaithe chun cabhrú le réitigh amach anseo<br>• Staitisticí beachta sa tuarascáil mhíosúil trí Chineál/Fochineál gach WO a fhíorú<br>• Athbhreithnithe ráithiúla a dhéanamh ar na fadhbanna is coitianta, bearta coisctheacha a dhéanamh más gá. |
| Seirbhísí Tacaíochta Bonneagair | • Bonneagar TF na Comhairle a Mhonatóiriú agus a Chothabháil (Bogearraí agus Crua-earraí)<br>• Cur chuige réamhghníomhach i ndáil le haga neamhfhónaimh comhairle a chosc.<br>• Crua-earraí\bogearraí Bonneagair a Uasghrádú\a Athsholáthar<br>• Leagan amach\cumraíocht\ nósanna imeachta córas Bonneagair a dhoiciméadú<br>• Úsáideoirí a choinneáil ar an eolas faoi fhadhbanna\obair atá á déanamh<br>• Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse a Dhoiciméadú/a Rianú agus a Athnuachan<br>• Cúltacú agus Athshlánú | • Gan cur isteach an iomarca ar obair na foirne.<br>• Aga neamhfhónaimh neamhsceidealaithe ar bith ar bhonneagar TFC na Comhairle.<br>• Méid teoranta ama idir nuashonruithe.<br>• Doiciméadú i ndáil le leagan amach/cumraíocht/nósanna imeachta gach córas Bonneagair bunaithe.<br>• Rogha Chúltacaithe\Athshlánaithe bunaithe le haghaidh gach freastalaí. |

| | | |
|---|---|---|
| Seirbhísí Cumarsáide | • Complete Migration of Exchange Mailboxes to Office365 (Members & Customer Services). Decommission legacy Exchange Servers.<br>• Continue Migration to Manage Engine MDM. | • More secure Exchange Environment.<br>• Improved Security of Mobile Devices and reduced costs for MDM. |
| Seirbhísí Cibearshlándála | • Soláthar Córais Mhonatóireachta XDR a chur i gcrích & a chur i bhFeidhm.<br>• Cleachtadh Cibearshlándála Deisce leis an mBainistíocht Shinsearach.<br>• Comhdhlúthú Balla Dóiteáin<br>• Foireann TFC a choinneáil cthrom le dáta maidir le leochaileachtaí agus nósanna imeachta nua chun an Chomhairle a chosaint uathu seo.<br>• Uathoibriú nuashonruithe slándála ar chríochphointí lena chinntiú go bhfuil siad reatha.<br>• Sceideal a chur i bhfeidhm maidir le Paistí Freastalaithe Leibhéil 1, 2, & 3.<br>• Cinntigh go bhfuil na dochtearraí ar gach gléas cothrom le dáta. (Freastalaithe, Líonrú, Stóras etc.).<br>• Feasacht úsáideoirí. | • XDR i bhfeidhm, le feasacht agus freagairt luath ar chibear-ionsaithe.<br>• Foireann freagartha teagmhais i bhfeidhm.<br>• Feabhsaíodh Feasacht na Bainistíochta, agus aontaíodh cinneadh maidir le RTO.<br>• Cumraíocht níos simplí agus Ard-infhaighteacht idir MQ agus DD.<br>• Nuashonruithe Slándála agus Dochtearraí ag an leagan is déanaí atá ar fáil.<br>• Clár feasachta úsáideoirí i bhfeidhm |
| Seirbhísí Líonra | • Líonra Loighciúil Snáithín, cur le hacmhainn an Líonra Snáithín. (Tionscadail Bhóthar de hÍde)<br>• Deighilt Líonra. | • Breis Acmhainne ar fáil ar an líonra snáithín.<br>• Forchostas laghdaithe, Líonra inoiriúnaithe, éifeachtúlacht \feidhmíocht mhéadaithe. |

| | | |
|---|---|---|
| | • Uasghrádaithe ar Phointí Rochtana Wi-Fi.<br><br>• Athchumrú an Bhonneagair Líonra 3ú hUrlár Cé na gCeannaithe.<br>• Áitiú an 2ú Urlár Tuar an Daill – Suiteáil Laisce. | • Pointí Rochtana breise bunaithe agus i bhfeidhm<br><br>• Líonra níos éifeachtaí agus feidhmíocht fheabhsaithe.<br><br>• Seirbhísí Líonra i bhfeidhm & ag obair. |
| DR\ Leanúnachas<br><br>Gnó | • Tástáil gnéithe difriúla d'athshlánú ó Thubaiste gach ráithe.<br>• Athbhreithnigh an doiciméadacht ar fad, agus leasaigh an próiseas más gá. | • Tá an doiciméadacht i bhfeidhm.<br>• Tá an tástáil curtha i gcrích go rathúil.<br>• Tá próiseas athbhreithnithe i bhfeidhm |
| Margaíocht Luimnigh | • An tionscnamh 'Branda Luimnigh' a chur chun feidhme. | • Feachtais shuntasacha sna meáin chun an cáil atá ar Luimneach mar áit iontach le bheith ag obair, ag maireachtáil, ag infheistiú agus ag tabhairt cuairte uirthi a dhaingniú. |
| Cumarsáid | • Cumas na Comhairle chun í féin a chur chun cinn go réamhghníomhach a fhorbairt | • Feachtais mhealltacha a chruthú agus a chur i bhfeidhm chun an raon seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle a léiriú,<br><br>• Plé go réamhghníomhach leis na meáin chun a chinntiú go bhfuil scéal Luimnigh tairbheach |

# Stiúrthóireacht na Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta agus Réigiúnacha

**Ionad Seirbhísí Comhroinnte Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (HAPSSC)**

Is é an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) ceann de phríomhghnéithe bheartas an Rialtais maidir le tithíocht shóisialta. Is é an clár seo an pacáiste tacaíochta airgeadais neamhchaipitil is mó le haghaidh tithíochta in Éirinn. Ó cuireadh tús leis an scéim tá breis is 99,000 tionóntacht bunaithe ag Ionad Seirbhísí Comhroinnte HAP agus tacaíonn sé faoi láthair le breis is 62,000 tionóntacht HAP gníomhach. Is é Ionad Seirbhísí Comhroinnte HAP an pointe teagmhála náisiúnta do chustaiméirí agus an tseirbhís chomhroinnte idirbhirt airgeadais do HAP, feidhm atá á rith ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh thar ceann an 31 údarás áitiúil ar fud na tíre i dteannta le Feidhmeannas Réigiúnach Daoine gan Dídean Bhaile Átha Cliath.

**Oifig Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Deiscirt**

Is í Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an príomhúdarás ceannasaíochta i dteannta le Comhairle Contae Thiobraid Árann le haghaidh Réigiún Dramhaíola an Deiscirt. Is é an ról atá ag Oifig Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Deiscirt cur chun feidhme gníomhaíochtaí Phlean Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Deiscirt a chomhordú agus in 2022 cuirfear an Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola don Gheilleagar Ciorclach i bhfeidhm in ionad an phlean reatha. I measc na ngníomhartha tá cosc, íoslaghdú, athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola de réir ord na réiteach dramhaíola agus i gcomhar le pobail, tionscail, gnóthaí, gníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla eile. Chomh maith leis sin, cuimsítear san oifig na ceantair riaracháin seo a leanas - Ceatharlach, Corcaigh, Ciarraí, Cill Chainnigh, Comhairlí Contae Thiobraid Árann agus Loch Garman, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Comhairle Cathrach Chorcaí.

**Roinn na Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála**

Oibríonn agus bainistíonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh mar Údarás Dóiteáin an tSeirbhís Dóiteáin i Luimneach óna ceanncheathrú i dTeach Lios an Fháltaigh agus trí Stáisiúin Dóiteáin i Sráid Mulgrave, An Caisleán Nua, Mainistir na Féile, Ráth Caola, Cill Mocheallóg, Faing agus An Cheapach Mhór. Cuimsítear sa tseirbhís seo chomh maith an córas Rialaithe Tógála lena n-áirítear Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán, Fógraí Tosaithe agus Deimhnithe maidir le Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas nó don údarás áitiúil. Thar ceann na n-údarás dóiteáin i réigiún Mumhan, bainistíonn seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála Luimnigh Ionad Rialaithe Réigiúnach Mumhan (IRRM), atá freagrach as úsáid éifeachtúil agus éifeachtach fearas dóiteáin agus gníomhaireachtaí eile i gCúige Mumhan. Tá Cosaint Shibhialta, Bainistíocht Móréigeandála agus Sábháilteacht Uisce páirteach sna Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála freisin.

**Seirbhísí Uisce**

Déanann an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Comhroinnte Náisiúnta agus Réigiúnacha foráil d'fheidhmiú an Chomhaontaithe Seirbhíse le hUisce Éireann do limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tríd an Rannóg Seirbhísí Uisce ina ndéantar gné an tSoláthair Uisce den Chlár Uisce Tuaithe a riar thar ceann na na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

## Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorparáidigh -

Tá Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorparáidigh atá ag treorú shonrú na bPríomhchuspóirí Seirbhíse d'Ionad na Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta agus Réigiúnacha sonraithe thíos:-

| Cur Síos ar an Straitéis Tacaíochta | Cuspóir Straitéiseach Corparáideach |
|---|---|
| A chinntiú gur tionscnóir é Luimneach i réigiún an Mheán-Iarthair trí chur isteach dearfach agus rannpháirtíocht dhearfach saoránach. | Sprioc 1 |
| An deis agus an timpeallacht a chruthú chun déileáil le dúshláin uirbeacha a bhaineann le hathbheochan inbhuanaithe, gheilleagrach, timpeallachta agus shóisialta Luimnigh trí spriocanna agus cuspóirí an Phlean Chorparáidigh a ailíniú le cuspóirí um Fhorbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. | Sprioc 1 |
| Leanúint leis an gcultúr comhlíontachta a fheabhsú le Rialacháin Tógála ar fud Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh trí oideachas agus monatóireacht a bheith á déanamh ag Údarás Rialaithe Tógála Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. | Sprioc 3 |
| I gcomhpháirtíocht le hUisce Éireann, infheistíocht leanúnach i mbonneagar na Seirbhísí Uisce a spreagadh. | Sprioc 3 |
| Bóithre agus sráideanna, Tithíocht, Fóillíocht agus Áiseanna, Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála (lena n-áirítear Cosaint Shibhialta, Bainistíocht Móréigeandála agus Sábháilteacht Uisce), Seirbhísí Timpeallachta agus Tréidliachta agus feidhmeanna reachtúla eile a bhainistiú agus a chothabháil chun tairbhe ár saoránach. | Sprioc 8 |
| Ionad Seirbhísí Comhroinnte Idirbhirt Airgeadais na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta a sholáthar d'Earnáil an Rialtais Áitiúil agus maoirsiú a dhéanamh air. | Sprioc 8 |

**Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais –**

Sonraítear sa tábla thíos na Príomhsheirbhísí atá le soláthar agus an fhoráil bhuiséadach ar ghlac Comhaltaí de Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leo i mBuiséad 2021 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú:-

| Príomhsheirbhís /Buiséad | Cur Síor ar an tSeirbhís | Iomlán € |
|---|---|---|
| A12 | Clár HAP | 747,437,183 |
| C01 | Soláthar Uisce | 6,061,174 |
| C02 | Cóireáil Fuíolluisce | 2,597,605 |
| C05 | Admin of Group and Private Installations | 2,746,809 |
| C06 | Support to Water Capital Programme | 317,425 |
| C07 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitithe | 98,359 |
| C08 | Seirbhísí Uisce agus Sláintíochta Údaráis Áitiúil | 20,000 |
| D08 | Rialú Tógála | 128,791 |
| E08 | Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola | 2,282,319 |
| E10 | Sábháilteacht Déanmhas agus Áiteanna | 393,178 |
| E11 | Oibriú na Seirbhíse Dóiteáin | 12,546,054 |
| E12 | Cosc Dóiteáin | 510,842 |
| E13 | Cáilíocht an Uisce, Truailliú Aeir agus Torainn | 172,761 |
| E14 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitithe | 2,956,922 |
| **Iomlán** | | **778,269,423** |

**Príomhchuspóirí Seirbhíse -**

Sonraítear sa tábla thíos na cuspóirí soláthar seirbhíse a bhaineann leis na príomhsheirbhísí a sholáthrófar i rith 2022:-

| Príomhsheirbhísí | Cuspóir | Caighdeán Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Seirbhísí Comhroinnte Idirbhirt Airgeadais na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta a sholáthar d'Earnáil an Rialtais Áitiúil | 14,000 iarratas nua HAP a phróiseáil go tráthúil de réir meabhrán tuisceana comhaontaithe le húdaráis áitiúla.<br><br>Gach tionóntacht nua agus reatha HAP a chothabháil<br><br>Bainistiú Fiach<br>Cuntais a bhainistiú go héifeachtach trí chur chuige réamhghníomhach i ndáil le bailiú fiach | Próiseáil Sheachtainiúil Cíos Tionóntaí<br><br>Cíos Tionóntaí Sheachtainiúil<br><br>Íocaíocht Mhíosúil na dTiarnaí Talún<br><br>Meastar go mbeidh 14,000 tionóntacht le bunú in 2022<br><br>Deimhniú Chaighdeán ISO 9001:2015 a choinneáil<br><br>An ráta bailithe a chothabháil ag an ráta reatha (>95%) |
| Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Deiscirt a chur chun feidhme agus feachtais náisiúnta oideachais & feasachta a fhorbairt | Gníomhartha Beartais a chur chun feidhme de réir Phlean Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Deiscirt<br><br>Plean Bainistíochta Dramhaíola Náisiúnta nua don Gheilleagar Ciorclach a ullmhú<br><br>Monatóireacht a dhéanamh ar acmhainn náisiúnta le haghaidh Dramhaíl Sholadach Chathrach agus Dramhaíl Tógála agus Scartála i gcomhar le Réigiúin eile | Spriocanna agus amlínte mar atá sonraithe sa phlean reatha a chomhlíonadh agus tuarascáil bhliantúil a ullmhú<br><br>Tá na trí réigiún bainistíochta dramhaíola tagtha le chéile agus plean náisiúnta amháin á fhorbairt acu agus táthar ag súil go bhfoilseoidh siad dréachtphlean i rith R2 2022.<br><br>Tuarascálacha Ráithiúla maidir le hAcmhainn a ullmhú agus a dháileadh |

| | | |
|---|---|---|
| | Feachtas Feasachta Náisiúnta a fhorbairt agus a rolladh amach i gcomhar le Réigiúin eile agus leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide don Earnáil Tithe, Tráchtála agus Tógála | lena chinntiú go leantar le bailiú dramhaíola<br><br>A chinntiú go bhfuil an clár á chur i gcrích go tráthúil, go bhfuil luach ar airgead á bhaint amach agus go bhfuil aird á tabhairt ar bhuiséad DECC & ar an mbuiséad Réigiúnach.<br><br>Oibriú le Luimneach 2030 chun Tionscadal Opera a thabhairt chun beochta agus oibriú ar an tionscadal eiseamláireach bunaithe ar athúsáid agus ar an ngeilleagar ciorclach. |
| Sábháilteacht Dóiteáin | Reachtaíocht sábháilteachta dóiteáin a fhorfheidhmiú in áitribh trí chlár cigireachta, ceadúnaithe agus forfheidhmiúcháin<br><br>Tacú le ceanglais sábháilteachta dóiteáin atá sonraithe san Acht um Rialú Foirgníochta, trí phróiseas éifeachtúil le haghaidh Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán a sholáthar.<br><br>Sábháilteacht dóiteáin i measc pobal a fheabhsú<br><br>Ullmhacht agus acmhainn oiriúnach oibríochtúil a chothabháil, chun freagairt go cuí do Theagmhais na Seirbhíse Dóiteáin. | Líon Áitreabh a ndearnadh cigireacht orthu<br><br>Líon Deimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán eisithe<br><br>Páirt a ghlacadh i gclár na hIdirbhliana<br><br>Páirt a ghlacadh sa tseachtain Náisiúnta Sábháilteachta Dóiteáin<br><br>Páirt a ghlacadh i gclár na mbunscoileanna<br><br>Líon teagmhas ar |

| | | |
|---|---|---|
| | | freastalaíodh orthu<br><br>Costas na Seirbhíse Dóiteáin in aghaidh an duine<br><br>An méid ama a thóg sé briogáidí dóiteáin a ullmhú chun freastal ar theagmhas dóiteáin/éigeandála eile<br><br>Céatadán na gcásanna a bhain le dóiteán/teagmhais éigeandála eile inar sroicheadh an láthair ar dtús laistigh de;<br>0 - 10 nóiméad<br>10 – 20 nóiméad<br>Níos mó ná 20 nóiméad<br><br>Deimhniú Chaighdeán ISO 9001:2015 a choinneáil<br>Deimhniú Chaighdeán ISO 45001 a choinneáil |
| Rialú Tógála | Gach Fógra Tosaithe, Fógra 7 Lá, Deimhniú Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas, Deimhnithe Comhlíontachta nuair a Chríochnaítear obair agus iarratais ar Mhaolú/ ar Dhispeansáidí a phróiseáil<br><br>Clár rioscabhunaithe de chigireachtaí Rialaithe Tógála | Líon Fógraí Tosaithe 7 lá Próiseáilte<br><br>Líon Deimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas próiseáilte<br><br>Líon Deimhnithe Comhlíontachta nuair a Chríochnaítear obair próiseáilte<br><br>% de thithe nuathógtha a ndearnadh cigireacht orthu atá cothrom le nó níos mó ná an sprioc náisiúnta de 12-15% de na fógraí tosaithe faighte |

| | | |
|---|---|---|
| | | Costas na seirbhíse rialaithe tógála in aghaidh an duine |
| Bainistíocht Mhóréigeandála | Feidhm pleanála éigeandála Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a chomhordú de réir an Chreata um Bainistíocht Móréigeandála<br><br>Páirt a ghlacadh i bpleanáil réigiúnach éigeandála do Réigiún an Mheán-Iarthair | Clár oiliúna bunaithe agus curtha chun feidhme<br><br>Líon teagmhas inar gníomhachtaíodh an creat Bainistíochta Móréigeandála<br><br>Líon Cruinnithe de chuid Ghrúpa Stiúrtha agus Oibre Réigiúnach an Mheán-Iarthair ar freastalaíodh orthu |
| Cosaint Shibhialta | Ullmhacht agus acmhainn oiriúnach oibríochtúil a chothabháil, chun freagairt go cuí d'éigeandálaí agus do theagmhais shibhialta | Líon Teagmhas ar freastalaíodh orthu |
| Ionad Rialaithe Réigiúnach Mumhan | Seirbhís chomhroinnte a sholáthar chun mearfhreagairt agus mearsheirbhísí a sholáthar nuair a fhaightear glaonna éigeandála dóiteáin chuig 999/112 d'údaráis dóiteáin i gCúige Mumhan | Líon glaonna éigeandála faighte<br><br>Deimhniú Chaighdeán ISO 9001:2015 a chothabháil |
| Sábháilteacht Uisce | Sábháilteacht uisce a chur chun cinn lena chinntiú nach mbáfar aon duine. | Cigireacht a dhéanamh ar threalamh sábháilteachta uisce agus trealamh a athsholáthar nuair is gá<br><br>Líon limistéar ina bhfuil gardaí tarrthála oilte.<br><br>Líon laethanta in aghaidh na bliana a bhfuil gardaí tarrthála ar fáil |
| Soláthar Uisce, Cóireáil Fuíolluisce | Tacú le Uisce Éireann chun bonneagar agus seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sholáthar de réir an Chomhaontaithe Leibhéal | Spriocanna an Chomhaontaithe Leibhéal Seirbhíse a chomhlíonadh. |

| | | |
|---|---|---|
| | Seirbhíse | |
| Riar Suiteálacha Grúpa agus Príobháideacha | Deontais Toibreacha Príobháideacha a riar thar ceann na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúl agus Oidhreachta | Líon agus luach na ndeontas arna riar. |
| Soláthar Uisce, Cóireáil Fuíolluisce | Deontais Píobán & Feistis Luaidhe a riar thar ceann na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. | íon agus luach na ndeontas arna riar. |
| Administration of Group and Private Installations | Fóirdheontais Grúpscéim Uisce a riar thar ceann na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.<br>Dlús a chur le huasghrádú na nGrúpscéimeanna Uisce.<br><br>Seilbh a ghlacadh ar Ghrúpscéimeanna Uisce. | Líon agus luach na bhfóirdheontas arna riar.<br><br>Líon na Scéimeanna Uasghrádaithe.<br>Líon na Scéimeanna ar ghlac an Chomhairle seilbh astu. |
| | Anailísíocht samplaí uisce a sholáthar le haghaidh samplaí uisce príobháideach, grúpscéimeanna uisce, teagmhais truaillithe, dobharlaigh agus abhantracha. | Líon na dtuairiscí maidir le samplaí uisce eisithe. |

# An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Gheilleagrach agus Fiontar

Tá an Stiúrthóireacht seo tiomanta do phobail uirbeacha agus tuaithe Luimnigh a fhorbairt mar lárionaid d'fhás geilleagrach. Tá ról lárnach aige seo i dtimpeallacht a chruthú i Réigiún an Mheán-Iarthair a chabhróidh le Luimneach a bhunú mar phríomhshuíomh infheistíochta agus áit dheas chun gnó nua a bhunú. Tá ról ceannaireachta ag an Stiúrthóireacht seo i dtionscnaimh na Comhairle a bhaineann le forbairt gheilleagrach agus pleanáil straitéiseach Luimnigh.

Tá an Stiúrthóireacht seo freagrach as beartas agus straitéis sa réimse geilleagrach lena n-áirítear tacú le SPC um Fhorbairt Gheilleagrach agus Pleanáil na Comhairle, an Táscfhórsa FBM agus cabhraíonn an Stiúrthóireacht seo le cur chun feidhme phlean geilleagrach an Choiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPA) chomh maith.

Cuimsítear sa Stiúrthóireacht seo roinnt aonad gnó idirghaolmhar ar leith; Trádáil agus Infheistíocht, Oifig Fiontair Áitiúil, Innovate Limerick, Pleanáil Straitéiseach, agus Margaíocht agus Cumarsáid. Áirítear i measc na ngníomhaíochtaí gnó eile sa Stiúrthóireacht seo tá Plean Gnímh Fostaíochta an Mheán-Iarthair, Straitéis Bia Luimnigh, Scannánú i Luimneach agus dáileadh cistí do thionscadail chaipitiúla faoin gCiste Forbartha. Tríd an aonad um Pleanáil Chun Cinn, tugtar deis don Chomhairle cur le straitéisí éagsúla réigiúnacha agus náisiúnta spásúla agus geilleagracha. Tá ról ceannaireachta ag an Stiúrthóireacht seo i roghnú agus i maoiniú gach tionscadal forbartha geilleagrach de chuid na Comhairle agus oibríonn an Stiúrthóireacht seo le ranna rialtais agus le páirtithe leasmhara ábhartha i ndáil leis seo. Oibríonn aonaid éagsúla na Stiúrthóireachta le comhpháirtithe áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun Luimneach a chur chun cinn mar shuíomh infheistíochta.

Áirítear Forbairt Gheilleagrach i measc ceann de cheithre Stiúrthóireacht Straitéiseacha na Comhairle. Seo a leanas na Stiúrthóireachtaí Straitéiseacha eile - Tithíocht, Fisiciúil, agus Sóisialta. Oibríonn na stiúrthóireachtaí le chéile lena chinntiú go gcuirtear na Cuspóirí Corparáideacha (atá thuasmhínithe) i gcrích chun tairbhe shaoránaigh Luimnigh.

### Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorparáidigh–

Tá Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorparáidigh atá ag treorú shonrú na bPríomhchuspóirí Seirbhíse don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Gheilleagrach sonraithe thíos:-

| Cur Síos ar an Straitéis Tacaíochta | Cuspóir Straitéiseach Corparáideach |
|---|---|
| Leanúint le Luimneach 2030 a chur chun feidhme: Plean Geilleagrach agus Spásúil do Luimneach, chun Luimneach beo bríomhar a sholáthar trí thabhairt faoi athnuachan pobal i Luimneach. | Sprioc 1 |
| Cur le próifíl, tionchar agus cumhacht Luimnigh go hidirnáisiúnta chun lántairbhe a bhaint as a poitéinseal agus as fás domhanda agus deiseanna margaidh gaolmhara chun todhchaí gheilleagrach inbhuanaithe a chinntiú. | Sprioc 1 |
| Leanúint le scrúdú a dhéanamh ar shamhlacha maoinithe straitéiseacha agus nuálacha chun príomhláithreán straitéiseach a fhorbairt | Sprioc 1 |
| Aird idirnáisiúnta a tharraingt ar Luimneach mar gheilleagar eolais iomaíoch, a bhfuil cáil ar a bonn scileanna agus feabhas i raon earnálacha rud a chruthaíonn geilleagar beo agus éagsúlaithe ina bhfuil meascán d'úsáidí geilleagracha agus láithreacht láidir oideachais. | Sprioc 2 |
| Éiceachóras uathúil a fhorbairt chun gnóthaí nua a thosú, a fhás agus a fhorbairt – lena chinntiú gurb é Luimneach ceann de na suíomhanna is éifeachtúla do ghnó in Éirinn. | Sprioc 2 |
| Oibriú lenár gcomhpháirtithe agus le gníomhaireachtaí stáit chun fás geilleagrach fadtéarmach a chruthú, agus béim mhór a leagan ar chruthú fostaíochta, uasoiliúint agus oiliúint chun braislí geilleagracha a chruthú mórthimpeall ár n-ionad uirbeach. | Sprioc 2 |
| Críoch a chur le hathbhreithniú agus ullmhú an chéad Phlean Forbartha Cathrach agus Contae comhpháirteach do Luimneach atá ailínithe le haidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha an Chreata Náisiúnta Pleanála, Éire 2040 agus Straitéis Réigiúnach Gheilleagrach agus Spásúil an Deiscirt. Sonrófar straitéis fhoriomlán na Comhairle d'fhorbairt cheart pleanála agus inbhuanaithe Luimnigh as seo go ceann sé bliana sa Phlean seo. | Sprioc 2 |
| An méid atá sonraithe inár bPlean Forbartha Fiontair Áitiúil a chur i gcrích chun tacú le fiontraíocht, gnólachtaí nuathionscanta a chothabháil agus | Sprioc 2 |

| | |
|---|---|
| micreaghnóthaí agus gnóthaí beaga atá bunaithe cheana féin a fhorbairt, agus tacaíochtaí inrochtana ar ardchaighdeán a chur ar fáil do ghnóthaí beaga. | |
| Oibriú i gcomhpháirt lenár gcomhpháirtithe i ngníomhaireachtaí poiblí, san earnáil phoiblí agus dheonach agus le gnóthaí áitiúla chun an méid tairbhe agus is féidir a bhaint as deiseanna áitiúla fostaíochta agus oiliúna sna réimsí sin ina bhfuiltear ag déileáil le dífhostaíocht agus neamhghníomhaíocht gheilleagrach fhadtéarmach. | Sprioc 2 |
| A chinntiú go bhfuil cuspóirí an Plean Forbartha Cathrach agus Contae nua comhsheasmhach leis an gcomhrá faoi agus le cosaint na timpeallachta. | Sprioc 3 |
| Bonneagar glas a fhorbairt ag leibhéal áitiúil agus tacú le húsáid a bhaint as réitigh nádúrbhunaithe chun gréasán comhsheasmhach agus comhtháite a sholáthar | Sprioc 4 |
| Obair a dhéanamh lena chinntiú nach mbeidh aon ghlanchaillteanas bithéagsúlachta i gceist trí straitéisí, pleanáil, bearta maolaithe, fritháireamh oiriúnach agus/nó infheistíocht i mbonneagar Gorm-Glas. | Sprioc 4 |
| Tacú le próisis chomhairliúcháin agus rannpháirtíochta atá fiúntach agus éifeachtach i bhforbairt pleananna, i ndéanamh beartais agus i ndearadh agus i seachadadh seirbhísí agus tionscadail. | Sprioc 6 |
| Oibriú lenár bpobail, Gníomhaireachtaí Rialtais agus comhpháirtithe príobháideacha chun Plean Forbartha Cathrach agus Contae a fhorbairt a threoróidh fás agus forbairt Luimnigh amach anseo. | Sprioc 6 |
| Gealltanas a thabhairt dár gcomhpháirtithe a bheith oscailte agus scrúdú a dhéanamh ar bhealaí difriúla agus nuálacha chun seirbhísí a sholáthar agus roghanna trádála i gcomhpháirt lena n-áirítear comhshuíomh agus feidhmeanna agus áiseanna riaracháin a roinnt a mhéid is féidir. | Sprioc 7 |
| Feidhmeanna reachtúla Pleanála a bhainistiú agus a chur chun feidhme lena chinntiú go mbainimid amach na caighdeáin eiticiúla is airde sna réimsí seo a rachaidh chun tairbhe gach saoránach, páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. | Sprioc 8 |

## Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais –

Sonraítear sa tábla thíos na Príomhsheirbhísí atá le soláthar agus an fhoráil bhuiséadach ar ghlac Comhaltaí de Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leo i mBuiséad 2022 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú:-

| Príomhsh eirbhís /Buiséad | Cur Síos ar an tSeirbhís | Iomlán € |
|---|---|---|
| D01 | Pleanáil Chun Cinn | 1,212,785 |
| D04 | Áiseanna Tionsclaíocha agus Tráchtála | 21,969 |
| D05 | Forbairt agus Cur Chun Cinn na Turasóireachta | 45,000 |
| D09 | Forbairt agus Cur Chun Cinn Geilleagrach | 7,166,404 |
| D11 | Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhantais | 106,664 |
| D12 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitithe | 7,000 |
| F04 | Forbairt Pobail, Spóirt agus Fóillíochta | 5,000 |
| J02 | Seirbhísí Corparáideacha Ginearálta | 278,805 |
| J03 | Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumardáide | 1,148,282 |
| **Iomlán** | | **9,991,909** |

## Príomhchuspóirí Seirbhíse -

Sonraítear sa tábla thíos na cuspóirí soláthar seirbhíse a bhaineann leis na príomhsheirbhísí a sholáthrófar i rith 2022:-

| Príomhsheirbhísí | Cuspóir | Caighdeán Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Pleanáil Chun Cinn<br>Pleanáil Chun Cinn | Pleanáil a dhéanamh d'fhás ordúil Luimnigh agus Réigiún an Mheán-Iarthair | Críoch a chur le hullmhú an chéad Dréachtphlean Forbartha Luimnigh comhdhlúite 2022 – 2028<br><br>Ullmhú na Scéime Ranníocaíochta Forbartha 2022 – 2026 a chur i gcrích<br><br>Tús a chur le hathbhreithniú ar roinnt Pleananna Ceantair Áitiúla d'fhonn |

| | | |
|---|---|---|
| | | comhlíonadh Croístraitéis Phlean Forbartha Luimnigh a chinntiú, lena n-áirítear Pleananna Ceantair Áitiúla Ráth Caola, Cathair Chinn Lis, An Caisleán Nua Thiar, Mainistir na Féile, Cill Mocheallóg, Caisleán Uí Chonaill, Tobar Phádraig agus Áth Dara. |
| | Comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Luimnigh | Maoiniú oidhreachta faighte. |
| Trádáil & Infheistíocht | Infheistíocht ghnó a chomhdhlúthú i Luimneach chun deiseanna fostaíochta a chruthú do shaoránaigh Luimnigh | Fás sna fógraí poist ó bhliain go bliain. |
| | Feabhas a chur ar mhargaíocht Luimnigh sa bhaile agus go hidirnáisiúnta | Straitéis infheistíochta, feachtais mhargaíochta agus cuairteanna idirnáisiúnta a dhíriú ar tharraingteacht Luimnigh mar láthair infheistíochta.<br>Caidreamh struchtúir a bhunú le diaspóra Luimnigh. |
| Oifig Fiontair Áitiúil | Cultúr fiontraíochta a fhorbairt agus a fheabhsú i gCathair agus i gContae Luimnigh | Tacaíochtaí díreacha agus indíreacha airgeadais agus tacaíochtaí eile a sheachadadh do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí a fhostaíonn suas le 10 nduine thar ceann Fhiontraíocht Éireann agus Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.<br><br>Cinntiú go gcuirfear Straitéisí Bia Luimnigh, Glas le haghaidh Micrea- *Green for Micro, Micro Exporting and LEAN for Micro* ibhfeidhm go rathúil<br><br>Rochtain a fháil ar iasachtaí gnó thar ceann Micro Finance Ireland. |
| *Innovate Limerick* | Éiceachóras Tacaíochta Nuálaíochta agus Fiontraíochta Luimnigh a Chomhordú agus a Thógáil | Tionscnamh Mol an Mheán-Iarthair ENGINE a sheoladh go hoifigiúil le 15 Mhol.<br>An síneadh ar an Ionad Comhoibrithe ENGINE a chur i gcrích<br>Bogadh ar aghaidh chuig an gcéim phleanála do luasaire gnó il-urlár nua. |

| | | |
|---|---|---|
| | | An t-athrú ar iar-mhonarcha Seodra Andersen go lárionad fiontair ilfheidhmeach a chur i gcrích.<br>Leanúint ar aghaidh ag forbairt na hearnála scannán trí Scannánú i Luimneach agus Mol Criúnna nua a bhunú i gcomhar le Fís Éireann. |
| Seirbhísí Digiteacha | Feabhsuithe ar láithreacht dhigiteach Luimnigh a chomhordú agus a chur i bhfeidhm | Córas CRM ionaid faighte go rathúil<br>Rolladh amach deais sonraí phíolótach |
| | Pleanáil chun an chéad Straitéis Dhigiteach eile Luimnigh a fhorbairt | Dréachtstraitéis curtha i gcrích |
| | An clár oibreacha a dhéanann Cláir an AE a éagsúlú | Éagsúlacht fheabhsaithe tionscadal atá maoiniú ag cláir AE agus Náisiúnta |
| Plean Fiontair Réigiúnach an Mheán-Iarthair | Príomheilimint sa Chlár don Rialtas is ea tiomantas d'fhorbairt fiontair réigiúnach níos cothroime a bhaint amach agus ár gcuspóir breisluach agus tionchar méadaithe a bhaint amach trí ghníomhaithe réigiúnacha agus áitiúla a bheith ag obair go comhoibríoch ar laigí agus ar dheiseanna forbartha fiontair nua sa réigiún. | Tús a chur le cur i bhfeidhm na ngníomhartha i bPlean Fiontar Réigiúnach an Mheán-Iarthair.<br>Coiste Stiúrtha Réigiúnach ar a bhfuil ionadaithe ó na hÚdaráis Áitiúla, OFÁanna, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, an Fóram Réigiúnach Scileanna, Institiúidí Ardoideachais agus Breisoideachais, Boird Oideachais agus Oiliúna, an earnáil phríobháideach agus eile a bhunú agus a bheith rannpháirteach leis chun a chinntiú go bhfuil na gníomhartha sa phlean curtha i bhfeidhm. |

# An Stiúrthóireacht Pobail, Turasóireachta agus Cultúir

Tá gealltanas tugtha inár bPlean Corparáideach an caighdeán saoil daoine agus pobal a fheabhsú. Laistigh den Chomhairle, beidh ról ceannaireachta ag an Stiúrthóireacht seo i ndáil le Forbairt Pobail, Turasóireacht, na hEalaíona, Cultúr agus Seirbhísí Leabharlainne, Réadmhaoin, áiseanna Pobail. Cé go beidh gníomhaireachtaí agus ranna rialtais eile freagrach as forbairt pobail, beidh príomhról ag an Stiúrthóireacht seo in iarrachtaí chun infheistíocht a mhealladh le haghaidh clár sóisialta agus pobail, agus áiseanna agus tionscnaimh i Luimneach.

Déanann an Stiúrthóireacht seo maoirseacht ar riar, agus tacaíonn sí le Coiste um Beartais Straitéiseacha Pobail Fóillíochta agus Cultúir agus leis an gCoiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPA). Oibríonn An Stiúrthóireacht Pobail, Turasóireachta agus Cultúir le gach CBS.

Tá an Stiúrthóireacht struchtúrtha ar bhealach a chiallaíonn gur féidir soláthar seirbhíse ar ardchaighdeán a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais na bpobal. Tá cúig Rannóg ann;

- Forbairt Pobail Uirbeach agus Tuaithe
- Turasóireacht, Cultúr & na hEalaíona
- Oifig na nEalaíon
- Leabharlanna, Músaeim agus Dánlann
- Áiseanna Réadmhaoine agus Pobail

**An Rannóg um Fhorbairt Pobail Uirbeach agus Tuaithe**

Bainistíonn an Rannóg um Fhorbairt Pobail Uirbeach agus Tuaithe agus déanann sí maoirseacht ar raon leathan Clár agus seirbhísí pobail. Tá an Roinn Freagrach as ullmhú agus monatóireacht a dhéanamh ar an bPlean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail (PAGP), an Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPA) agus an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP).

Is iad an dá phríomhchlár a bhfuil an Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil freagrach astu an Clár Gníomhachtúcháin Pobail um Ionchuimsiú Sóisialta (CGPIS) agus an Straitéis um Fhorbairt Tuaithe lena n-áirítear Clár LEADER. Chomh maith leis sin, tá an Roinn freagrach as raon clár téamach lena n-áirítear Tionscnamh Aoisbhá Luimnigh, Cláir na gCathracha Idirchultúrtha agus an Grúpa Oibre Imeasctha, Luimneach ag Foghlaim, Comhairle na nÓg agus Luimneach Sláintiúil. Tá ról ag an Roinn Forbartha Pobail i soláthar scéimeanna deontas an rialtais láir chun tacú le forbairt gheilleagrach agus phoiblí áitiúil. Áirítear ina measc:

- Cláir bheaga cosúil le CLÁR i gceantair thuaithe atá faoi mhíbhuntáiste, an lár um Fheabhsú Pobail agus deontais Éire na Sláinte.
- Cláir deontais mheánacha cosúil leis an Scéim Bonneagair Áineasa Lasmuigh

- Deontais mhóra cosúil leis an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe agus an Scéim Mhór Bonneagair Spóirt.
- Athnuachan na Ríochta Poiblí agus Athnuachan Bailte & Sráidbhailte

Cuimsítear in obair na Roinne freisin cláir agus tionscnaimh tacaíochta feasachta timpeallachta cosúil le Bailte Slachtmhara, *Going for Gold*, Foireann Ghlantacháin Luimnigh agus clár na Scoileanna Glasa.

Beidh ról ceannaireachta ag an Stiúrthóireacht Pobail, Turasóireachta agus Cultúir i ndáil le soláthar tacaíochtaí pobail a bhaineann leis na dúshláin phaindéim Covid 19. Tá sé mar aidhm ag an Roinn um Fhorbairt Pobail a chinntiú go gcuirtear Creat Beartais an Rialtais - Ár bPobail: Creat Beartais d'Fhorbairt Áitiúil agus Pobail (2015) chun feidhme ag leibhéal áitiúil.

**An Rannóg Turasóireachta**

Tá an Rannóg Turasóireachta freagrach as Straitéis Forbartha Turasóireachta Luimnigh 2019 – 2023 a chur i gcrích, ina sainaithnítear ceithre phríomhthionscnóir/phríomhthéama a chabhróidh le lántairbhe a bhaint as na féidearthachtaí turasóireachta atá ann do Chathair agus do Chontae Luimnigh. Tá béim ar leith á leagan ar eispéiris agus bonneagar inaitheanta a fhorbairt lena n-áirítear Glasbhealach Mhórchonair an Deiscirt, chun líon na gcuairteoirí agus fad na tréimhse ama a fhanann cuairteoirí i Luimneach a mhéadú. Chomh maith leis sin, déanfaidh an Rannóg obair sna réimsí seo a leanas: eispéiris do thurasóirí a fhorbairt; oibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun an t-eispéireas agus tairiscint turasóireachta i Luimneach a fheabhsú agus lántairbhe a bhaint as seasamh Luimnigh i Réigiún Bhealach an Atlantaigh Fhiáin agus ainmniúchán Chathair Luimnigh mar chathair "Tairsí" chuig Bealach an Atlantaigh Fhiáin agus Mol Cinn Scríbe i Máistirphlean na Sionainne.

**Oifig na nÉalaíon**

Tá Oifig na nEalaíon freagrach as Creat Straitéise Cultúrtha Luimnigh 2016-2030 a chur i gcrích. Sonraítear sa Chreat fís agus uaillmhian shoiléir a cheadaíonn do phleanáil agus gealltanas straitéiseach d'fhorbairt leanúnach an chultúir agus na n-ealaíon i Luimneach trí phlé le príomhpháirtithe leasmhara agus le tionchairí, ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta, ealaíontóirí, cleachtóirí cruthaitheacha, pobail agus príomheagraíochtaí cultúrtha. Chomh maith leis sin, tá sé freagrach as cur le huaillmhian agus le caighdeán na gcúig Fhéile Chathracha, (i) Lá Fhéile Pádraig (ii) Craobhchomórtas Idirnáisiúnta na mBannaí (iii) *Riverfest* (iv) an Oíche Chultúir (v) Nollaig i Luimneach.

Cinnteoidh na hocht gcuspóir atá sonraithe i Straitéis Chultúrtha Luimnigh go mbeidh an tacar luachanna, prionsabal agus tosaíochtaí straitéiseacha a bheidh mar bhonn leis an

leibhéal rannpháirtíochta pobail, ceiliúrtha, nuálaíochta agus infheistíochta i mbonneagar cultúrtha i Luimneach á sholáthar go comhoibríoch chun tairbhe na saoránach ar fad.

Tá an Clár Cultúrtha agus Ealaíon á mhaoiniú ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, An Comhairle Ealaíon (an ghníomhaireacht náisiúnta atá freagrach as na healaíona a fhorbairt, a chur chun cinn agus a mhaoiniú in Éirinn) agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoin tionscnamh Éire Ildánach.

**Leabharlanna, Músaeim agus Dánlann**

Tá gréasán suntasach brainsí leabharlainne i gCathair agus Contae Luimnigh á bhainistiú ag an tSeirbhís Leabharlainne. Soláthraítear rochtain ar bhailiúchán cuimsitheach iasachtaithe leabharlainne i ngach formáid, fisiciúil agus digiteach. Soláthraítear faisnéis agus tacaíocht maidir le léitheoireacht agus litearthacht, foghlaim ar feadh an tsaoil, sláinte agus maireachtáil fholláin, agus tacaíocht do ghnóthaí agus do chuardaitheoirí poist.

Lena chois sin, tá seirbhís spriocdhírithe á soláthar ag an leabharlann do leanaí agus scoileanna; rochtain idirlín don phobal; seomraí cruinnithe; seirbhís leabharlann taistil; stair áitiúil agus teaghlaigh agus clár suntasach d'imeachtaí, taispeántais agus gníomhaíochtaí cultúrtha agus pobail.

Tá ceann de na bailiúcháin údaráis áitiúil is mó sa tír i Músaem Luimnigh. Tá sé mar aidhm ag an Músaem oidhreacht ábhartha Chathair agus Chontae Luimnigh a bhailiú, a chaomhnú agus a chur ar taispeáint.

Is spás speisialta do na hamharc-ealaíona í Dánlann Ealaíne Chathair Luimnigh atá suite i gCearnóg an Pheirigh, Luimneach, spás a fhreastalaíonn ar ealaíontóirí chathair agus chontae Luimnigh agus ar réigiún an Mheán-Iarthair i gcoitinne. Tá bailiúchán buan de bhreis is 900 saothar ealaíne ann, saothair le cuid d'ealaíontóirí cáiliúla na hÉireann ina measc. Reáchtáiltear thart ar ocht dtaispeántas chomhaimseartha gach bliain. Lena chois sin, tá clár rannpháirtíochta poiblí suntasach forbartha ag an nDánlann a áirítear ann ceolchoirmeacha, léachtaí agus léamha.

The Limerick Gallery of Art situated in Pery Square, Limerick is a dedicated space for the visual arts in Limerick serving the city, county and wider Mid-west region. It has a permanent collection of over 900 art works representing many of Ireland's major artists. It hosts approximately eight contemporary exhibitions annually. In addition, the Gallery has an extensive public engagement programme including concerts, lectures and readings.

**Áiseanna Réadmhaoine agus Pobail**

Soláthraíonn rannóg Sheirbhísí Réadmhaoine na roinne príomhfhoinse tacaíochta do gach stiúrthóireacht i ndáil le héadáil, diúscairt, ceadúnú agus léasú gach áitribh. Chomh maith leis sin, tá sé mar aidhm ag an rannóg seo brabús ar gach réadmhaoin atá faoi úinéireacht na comhairle a rialú agus a bharrfheabhsú agus tacú le riachtanais an phobail áitiúil ag an am céanna. Príomhfheidhm eile de chuid na Roinne seo é déileáil le réadmhaoin thréigthe agus tacú le hathúsáid. Tá cur chuige réamhghníomhach ag an Roinn i ndáil le láithreáin agus foirgnimh fholmha a shainaithint agus úsáid a bhaint as na cumhachtaí atá aici chun déileáil le réadmhaoin thréigthe.

In 2022 cuirfear i bhfeidhm Clár Leasa Maoine digitithe feabhsaithe a thabharfaidh eolas cothrom le dáta ar thalamh agus ar fhoirgnimh – gan réadmhaoin Tithíochta Sóisialta a bheith san áireamh.

Tá feidhmiú na Scéime um Tharscaoileadh Bruscair faoi shainchúram na Rannóige.

Maidir le spórt agus le háineas, tá an Rannóg freagrach as dhá linn snámha agus cúrsa gailf cathrach a oibriú agus a bhainistiú. Feidhmíonn an Rannóg mar idirchaidreamh lárnach cumarsáide idir áiteanna súgartha pobail agus an Chomhairle.

**Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorparáidigh -**

Tá Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorparáidigh atá ag treorú shonrú na bPríomhchuspóirí Seirbhíse don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Pobail sonraithe thíos:-

| Supporting Strategy Description | Corporate Strategic Goal |
|---|---|
| A chinntiú gur tionscnóir é Luimneach i réigiún an Mheán-Iarthair trí chur isteach dearfach agus rannpháirtíocht dhearfach saoránach | Sprioc 1 |
| Oibriú i gcomhpháirt lenár bpobail, Gníomhaireachtaí Rialtais agus comhpháirtithe príobháideacha chun dóthain acmhainní a aimsiú chun todhchaí uaillmhianach, nuálach agus inbhuanaithe a chinntiú, le timpeallacht uirbeach agus tuaithe atá feabhsaithe ionas gur féidir le pobal Luimnigh tairbhe a bhaint as caighdeán saoil maith. | Sprioc 1 |
| Ár Straitéis Turasóireachta, Straitéis Chultúrtha agus Clár Forbartha Leabharlainne a thabhairt chun críche d'fhonn an tairiscint turasóireachta agus chultúrtha i Luimneach a fheabhsú | Sprioc 2 |

| | |
|---|---|
| An líon láithreán folamh, tréigthe a laghdú agus tacú le hathúsáid láithreán agus foirgneamh folamh sa Chathair, i mbailte agus sráidbhailte, le haghaidh úsáidí geilleagracha, tithíochta, pobail, cultúrtha, áineasa agus úsáidí eile. | Sprioc 3 |
| Áiseanna agus spásanna poiblí mealltacha agus sábháilte , atá inrochtana go hiomlán don phobal ar fad a sholáthar agus a chothabháil. | Sprioc 5 |
| An caighdeán saoil inár gcomharsanachtaí a fheabhsú, trí bhainistíocht eastáit comhoibríoch, réamhghníomhach agus tacúil, oibriú le comhpháirtithe chun obair cumann cónaitheoirí a chur chun cinn agus tacú le rannpháirtíocht an phobail. | Sprioc 5 |
| Forbairt áiseanna pobail a chur chun cinn agus tacú lena leithéid lena náirítear áiseanna áineasa, spóirt agus cultúrtha do dhaoine agus do phobail sa Chathair agus sa Chontae ionas gur féidir linn rochtain ar a leithéid sin d'áiseanna a fheabhsú do dhaoine i Luimneach agus a chinntiú go bhfuil an soláthar éifeachtach. | Sprioc 5 |
| Tacú le comhionannas, éagsúlacht agus cearta an duine i bhfeidhmeanna Chathair agus Chontae Luimnigh, chun tacú le himeascadh idirchultúrtha, ceart a bheith páirteach agus a bheith ionchuimsitheach. | Sprioc 5 |
| Tacú le sláinte agus le folláine trí chur chun feidhme straitéisí rialtais ábhartha agus trí chur chun feidhme tacar de thionscnaimh atá á stiúradh ag Cathair agus Comhairle Luimnigh lena n-áirítear Luimneach Sláintiúil agus Tionscnamh Aoisbhá Luimnigh. | Sprioc 5 |
| Oibriú leis na gníomhaireachtaí oiliúna agus oideachais i Luimneach, ag cur le Straitéis Foghlama Luimnigh ar mhaithe le deiseanna foghlama, oideachais agus oiliúna a fheabhsú trí úsáid a bhaint as ár leabharlanna, músaeim agus seirbhísí ealaíon chun foghlaim a éascú, faisnéis a sholáthar agus tacú le scileanna, cruthaitheacht, smaointe agus eolas. | Sprioc 5 |
| Trí Chomhpháirtíocht Spóirt Luimnigh, leanúint leis an obair chun rannpháirtíocht a spreagadh i measc grúpaí ina bhfuil na leibhéil rannpháirtíochta íseal agus i measc grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht fhisiciúil agus spórt. | Sprioc 5 |
| Ár gcórais inmheánacha a threisiú lena chinntiú go bhfreagraíonn siad do cheanglais na bpróiseas rannpháirtíochta poiblí. | Sprioc 6 |

| | |
|---|---|
| Fiosrú a dhéanamh ar bhealaí nua agus nuálacha chun pobail a nascadh agus deis rannpháirtíochta a thabhairt dóibh trí úsáid a bhaint as líonraí gréasánbhunaithe. | Sprioc 6 |
| Rannpháirtíocht chathartha a chur chun cinn agus tacú le forbairt áitiúil phobalbhunaithe trí nasc a chruthú idir daoine, acmhainní agus pleanáil, ionas gur féidir le daoine ról gníomhach a bheith acu i ndáil le cinneadh a dhéanamh maidir le conas a fhorbróidh a bpobal | Sprioc 6 |
| Oibriú i gcomhpháirt le heagraíochtaí agus le grúpaí a bhfuil seirbhísí á soláthar sa phobal acu lena chinntiú go bhfuil tairbhe á baint as cur chuige duinelárnach i ndáil le seirbhísí atá á soláthar ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus ag a comhpháirtithe ar bhonn comhsheasmhach. | Sprioc 6 |
| Tacú le Líonra Rannpháirtíochta Poiblí éifeachtach ionas gur féidir leis ról a imirt i ndáil le tacú le próisis chomhairliúcháin agus rannpháirtíochta atá á gcur i gcrích ag pobail agus ag an earnáil dheonach. | Sprioc 6 |
| Cur chun feidhme Chláir an Choiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPA) a chomhordú, a bhainistiú agus maoirseacht a dhéanamh orthu. | Sprioc 6 |
| Tacú le pobail an méid tairbhe agus is féidir leo a bhaint as na deiseanna atá ar fáil dóibh chun a gceantair féin a fheabhsú agus cur leis an mórtas cine is ceantair lena n-áirítear tacú le rochtain ar dheiseanna maoinithe do thionscadail phobail. | Sprioc 6 |
| Oibriú lenár bpobail, Gníomhaireachtaí Rialtais agus comhpháirtithe príobháideacha chun Plean Forbartha Cathrach agus Contae a fhorbairt a threoróidh fás agus forbairt Luimnigh amach anseo. | Sprioc 6 |
| Cur chuige comhtháite a stiúradh agus a chumasú i ndáil le forbairt pobal ar fud Luimnigh trí thacú le hoideachas agus foghlaim, sláinte agus folláine, aosú folláin, tacaíocht do theaghlaigh agus do dhaoine óga i mbaol trí rannpháirtíocht phobail, trí Chumhachtú agus Rannpháirtíocht Phoiblí. | Sprioc 7 |
| Comhoibriú éifeachtach idirghníomhaireachta a chumasú tríd an gCoiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPA) agus struchtúir eile lena n-áirítear an Grúpa Oibre Imeasctha, Coiste na Leanaí agus na nDaoine Óga (CLDO), Comhairle na nÓg, Coiste Cúraim Leanaí Luimnigh, Luimneach ag Foghlaim, an Comhaontas Aoisbhá, Feidhmeannas Dhaoine Scothaosta Luimnigh agus Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh. Is é an cuspóir atá ann | Sprioc 7 |

| | |
|---|---|
| ár gcuspóirí comhroinnte a chomhlíonadh i ndáil le forbairt pobail agus cuimsiú sóisialta, agus ár ngealltanas do chuimsiú do chách a dheimhniú. | |
| Cláir sláinte agus sábháilteachta agus folláine a chur ar fáil don fhoireann ionas gur féidir leo a ndualgais a chur i gcrích go rathúil. | Sprioc 8 |

### Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais –

Sonraítear sa tábla thíos na Príomhsheirbhísí atá le soláthar agus an fhoráil bhuiséadach ar ghlac Comhaltaí de Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leo i mBuiséad 2022 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú:-

| Príomhseirbhís /Buiséad | Cur Síor ar an tSeirbhís | Iomlán € |
|---|---|---:|
| A04 | Tacaíocht d'Fhorbairt Tithíochta Pobail | 15,000 |
| B04 | Bóithre Áitiúla – Cothabháil agus Feabhsú | 25,000 |
| D05 | Forbairt agus Cur Chun Cinn na Turasóireachta | 1,282,653 |
| D06 | Feidhm Pobail agus Fiontair | 1,329,026 |
| D09 | Forbairt agus Cur Chun Cinn Geilleagrach | 907,606 |
| D10 | Bainistiú Réadmhaoine | 626,294 |
| D11 | Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhnaithe | 40,000 |
| D12 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitithe | 2,290,989 |
| E04 | Soláthar Seirbhísí Bailithe Dramhaíola | 310,000 |
| E05 | Bainistíocht Bruscair | 181,074 |
| E08 | Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola | 21,800 |
| E09 | Cothabháil Ionaid Adhlactha | 9,893 |
| F01 | Oibríochtaí Áiseanna Fóillíochta | 426,750 |
| F02 | Oibriú na Seirbhíse Leabharlainne agus Cartlainne | 4,021,130 |
| F03 | Oibríochtaí Limistéir Fóillíochta Lasmuigh | 118,000 |
| F04 | Forbairt Pobail, Spóirt agus Fóillíochta | 443,485 |
| F05 | Oibriú an Chláir Ealaíon | 2,698,400 |
| F06 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitithe | 3,310 |

| | | |
|---|---|---|
| G05 | Seirbhísí Tacaíochta Oideachais | 133,000 |
| **Iomlán** | | **14,883,410** |

### Príomhchuspóirí Seirbhíse -

Sonraítear sa tábla thíos na cuspóirí soláthar seirbhíse a bhaineann leis na príomhsheirbhísí a sholáthrófar i rith 2022:-

| Príomhsheirbhísí | Cuspóir | hdeán Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Cultúr agus na hEalaíona | Cur le hacmhainn chultúrtha Luimnigh trí chleachtóirí cruthaitheacha a choimeád agus a mhealladh chun cónaithe agus chun oibre i Luimneach<br><br>Tacú le comharghrúpaí nuálacha agus cruthaitheacha i Luimneach agus cabhrú le fás | Raon gairmeacha oscailte le haghaidh sparánachtaí / gradam / cistí straitéiseacha a chothabháil agus/nó a fheabhsú<br><br>Níos mó deiseanna d'ealaíontóirí tairbhe a bhaint as deiseanna forbartha gairmiúla agus líonraithe |
| | Feidhmiú mar ionad do thaighde agus d'fhadhbréiteach gníomhach in earnáil an Chultúir ag a mbeidh Suntas áitiúil, náisiúnta agus Eorpach<br><br>Cur le agus tacú le ról na dTionscal Cruthaitheach i Luimneach | Forbairt a dhéanamh ar agus cur le gréasáin chomhoibrithe chun deiseanna cultúrtha a fhorbairt trí Iarratais ar Eoraip na Cruthaitheachta<br><br>Tacú le struchtúir atá forbartha chun tionscal áitiúil cultúrtha agus cruthaitheach a fhorbairt |
| | Straitéis Féilte agus Imeachtaí do Chathair agus | Straitéis Féilte agus Imeachtaí i bhfeidhm |

| | | |
|---|---|---|
| | Chontae Luimnigh a thabhairt chun críche | |
| | Na hEalaíona agus Cultúr a chur ag croílár fhás geilleagrach agus athghiniúint Luimnigh | Branda cultúrtha a fhorbairt do Luimneach mar cheann scríbe cultúrtha spéisiúil de réir thionscnaimh Mhargaíochta agus Thurasóireachta Luimnigh<br><br>Leanúint ar aghaidh ag tacú le fás príomheagraíochtaí cultúrtha |
| | Tacú le roinnt samplaí de shamhlaíocht, nuálaíocht agus imeascadh i Luimneach agus úsáid a bhaint as cuir chuige chruthaitheacha chun cabhrú le saoránaigh agus le cuairteoirí Luimneach a athshamhlú | Llíon na n-imeachtaí cultúrtha ar ardchaighdeán tacaithe trí chomhpháirtíochtaí níos fearr, deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil agus tús a chur an athuair le tionscnaimh oibre deonaí |
| | Oibriú le saoránaigh trí rannpháirtíocht i gcultúr | Tionscadail chomhoibritheacha trasphobail dea-fhorbartha a thugann aitheantas do thaithí, saineolas agus éagsúlacht cleachtóirí, pobal agus comhpháirtithe eile cruthaitheacha áitiúla. |
| Turasóireacht | Plean turasóireachta do Luimneach a bhunú agus a chur chun feidhme<br><br>Tacú le téarnamh Earnáil Turasóireachta Luimnigh agus cur i bhfeidhm Straitéis Forbartha Turasóireachta Luimnigh a stiúradh. | Straitéis Forbartha Turasóireachta Luimnigh a chur i bhfeidhm i gcomhpháirt le Fáilte Ireland, Turasóireacht Éireann, Uiscebhealaí Éireann, Cuideachta Forbartha Bhealach Eabhra, Gleanntáin Mumhan, Acmhainní Iarthar Luimnigh agus obair a dhéanamh ar bhonn gníomhach le páirtithe leasmhara ar fud gach earnála. |
| | Luimneach a chur chun cinn agus a fhorbairt mar áit oiriúnach le cuairt a | Oibriú le feidhmeanna Margaíochta agus Cumarsáide chun Branda Luimnigh a chur chun feidhme. |

| | | |
|---|---|---|
| | thabhairt uirthi | Straitéis margaíochta don Ghlasbhealach a fhorbairt agus a chur chun feidhme. |
| | | Oibriú le Fáilte Ireland ar thionscnaimh shonracha atá dírithe ar Luimneach a fhorbairt mar áit oiriúnach le cuairt a thabhairt uirthi, lena n-áirítear cathair Thairsí Luimnigh agus Réigiún ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin, Máistirphlean Turasóireachta na Sionainne agus Bealach Inbhir na Sionainne. |
| | | Aistriú rathúil Chaisleán Rí Eoin go Discover Limerick DAC agus forbairt leanúnach an chaisleáin mar phríomhthairiscint turasóireachta |
| | | Straitéis Treochomharthaíochta Treoshuímh agus Áite a fhorbairt agus a chur chun feidhme do Chathair Luimnigh. |
| | | Oibriú le comhpháirtithe chun Corn Ryder a reáchtáil in 2027. |
| | | Leanúint ar aghaidh ag obair le gníomhaireachtaí Stáit cosúil le Fáilte Ireland, Uiscebhealaí Éireann agus eagraíochtaí eile.<br><br>Leanúint ar aghaidh ag obair le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Náisiúnta chun bonneagar agus táirgí turasóireachta a sholáthar agus chun an Glasbhealach agus Loch Goir a athfhorbairt.<br><br>Leanúint ar aghaidh ag obair le hUiscebhealaí Éireann chun inrochtaineacht fhéideartha chun críocha áineasa agus turasóireachta ar uiscebhealaí éagsúla i gcathair Luimnigh a fhorbairt.<br><br>Oibriú le gnóthaí turasóireachta agus a dtinreamh ag seónna trádála a éascú, nó trí ardáin phoiblíochta malartacha ar líne a úsáid. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Pas Thaitneamhachtaí Luimnihh a chur i bhfeidhm.<br><br>Oibriú leis an Stiúrthóireacht trí chéile chun tionscnaimh thurasóireachta a sholáthar chun lántairbhe a bhaint as deiseanna maoinithe trí CAFT, Leader, Feabhsú Pobail, Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte, Interreg agus cláir eile. |
| Seirbhís Leabharlainne | Cuspóirí beartais a chur chun feidhme – An Straitéis Náisiúnta Leabharlainne – "Ár Leabharlanna Poiblí 2022" a chur i bhfeidhm<br><br>Plean Forbartha Leabharlainne nua 2021-2025 a chur chun feidhme<br><br>An caighdeán is airde agus is féidir a chinntiú i soláthar agus feidhmiú spásanna agus seirbhísí leabharlainne<br><br>Inneachar ar líne a chruthú agus a fhorbairt chun rochtain ar acmhainní ar líne a fheabhsú<br><br>Naisc agus comhpháirtíochtaí láidre a bhunú le gníomhaireachtaí inmheánacha/seachtracha chun tacú le ról na | Gníomhartha a chur chun feidhme faoin<br>Straitéis Náisiúnta lena n-áirítear:<br>- Trí phríomhchlár le haghaidh forbairt seirbhíse<br>- Sé chumasóir straitéiseacha<br><br>Gníomhartha atá sonraithe sa Phlean Forbartha Leabharlainne a chur i bhfeidhm<br><br>Bonneagar agus Seirbhísí Leabharlainne a fhorbairt, a chothabháil agus a fheabhsú<br><br>Inrochtaineacht ar ábhar leabharlainne ar líne a fheabhsú agus ár raon seirbhí a leathnú<br><br>Cláir a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhar le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha |

| | | |
|---|---|---|
| | Leabharlann mar phobal atá cuimsitheach go sóisialta, ionad cultúrtha, oideachais, eolais agus foghlama<br><br>Pleananna le haghaidh Lárleabharlann nua ar Láithreán Opera a chur chun cinn<br><br>Clár Deich mBliana na gCuimhneachán do Luimneach le haghaidh 2022 a chur i gcrích<br><br>Leanúint le forbairt agus cur chun cinn an chláir d'imeachtaí cultúrtha, pobail agus do leanaí<br><br>Córas Bainistíochta Leabharlainne nua a chur chun feidhme | Miondearadh agus plean costais Céim 2 a thabhairt chun críche.<br><br>Cláir imeachtaí comórtha a chomhordú agus a chur ar fáil<br><br>Clár imeachtaí spriocdhírithe atá ag obair le agus ag tacú le cláir agus le tionscnaimh náisiúnta agus áitiúla a eagrú agus a chur ar fáil i ngréasán na mbrainsí leabharlainne agus ar ardáin ar líne<br><br>Córas Bainistíochta Leabharlainne bunaithe |
| Dánlann Ealaíne (DECL) | Leanúint le naisc a sholáthar agus a fhorbairt leis an bpobal agus le hinstitiúidí ealaíne áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.<br><br>Plean cur chun feidhme a fhoilsiú agus a ullmhú bunaithe ar Phlean<br><br>Straitéiseach 2020-2025<br><br>An suíomh gréasáin a fheabhsú agus na hardáin ar líne a fhorbairt lena chinntiú go bhfuil DECL inrochtana ar líne | Naisc a fhorbairt leis bpobal agus le hinstitiúidí ealaíne áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta<br><br>Plean cur chun feidhme bunaithe<br><br>Suíomh Gréasáin a fhorbairt |

| | | |
|---|---|---|
| | Beidh láithreacht fhíorúil ag gach taispeántas agus eispéireas "beo" mar fhreagairt do shrianta COVID 19<br>Leanúint le clár Foghlama agus Rannpháirtíochta<br>Poiblí a sholáthar | Gach Taispeántas ar fáil ar líne<br>Clár Foghlama agus Rannpháirtíochta Poiblí curtha ar fáil |
| Músaem | Straitéis nua le haghaidh Mhúsaem Luimnigh a fhorbairt agus a chur chun feidhme<br>Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar fhéidearthachtaí dob mhúsaeim | Straitéis Músaeim i bhfeidhm<br>Próifíl Mhúsaem Luimnigh a neartú agus a fheabhsú trí na meáin shóisialta agus meáin eile agus clár cuimsitheach imeachtaí.<br>Uaireanta oscailte don phobal sa mhúsaem a fheabhsú |
| Riar Láithreán Tréigthe | Clár láithreán tréigthe a thiomsú agus tobhaigh a bhailiú de réir an Achta um Láithreáin Thréigthe 1990.<br>Is é an aidhm atá leis an gclár déileáil le háitreabh a d'fhéadfadh baint ó áineas, carachtar nó dreach talún i gcomharsanacht | Clár láithreán tréigthe a chothabháil<br>Líon na gcásanna dúnta mar gheall ar rannpháirtíocht<br>Líon áitreabh cláraithe i gClár na Láithreán Tréigthe<br>Líon fógraí eisithe |
| Riar Láithreán Folamh | Taobhach na Láithreán Folamh a phróiseáil le haghaidh gach láithreán forbartha folamh i gCathair agus Contae Luimnigh | Clár láithreán folamh a chothabháil. |
| Riar Tithe Folmha | Díríonn oifigeach na dTithe Folmha ar áitribh fholmha i gceantar an údaráis áitiúil chun críche cur le leibhéil áitíochta i dtithe atá ar fáil | Léargas cruinn a thabhairt ar líon na dtithe folmha<br>Clár na dTithe Folmha a athbhunú |

| | | |
|---|---|---|
| | cheana féin (Príobháideach agus Sóisialta) | |
| Áiseanna áineasa agus spóirt i bpobail áitiúla | Áiseanna áineasa agus spóirt a bhainistiú.<br><br>Tacú le forbairt agus feabhsú áiseanna áineasa agus spóirt chun freastal ar riachtanais na háite i gcomhar le grúpaí áitiúla deonacha / pobail.<br><br>Áiteanna Súgartha Pobail a rialú agus aird a thabhairt ar chúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta. | Áiseanna nua/feabhsaithe beartaithe. Straitéis Spóirt agus Áineasa le cur i gcrích.<br><br>Líon na ndeontas a tugadh le haghaidh áiseanna spóirt, áineasa agus fóillíochta.<br><br>Athbhreithniú agus obair leantach ar thuairisceáin ráithiúla maidir le sábháilteacht an trealaimh ar an láithreán. |
| Rural Limerick Housing Development Fund (RLHD) | Administration of the funding approved to address Dereliction in Limerick towns – the scope is to extend beyond the Original 5 towns approved | Increased activity will be identified and building projects underway as opportunities arise. |
| Seirbhísí Réadmhaoine | Comhlíontacht le reachtaíocht agus Gnáthnósanna Imeachta Oibríochtúla le haghaidh éadálacha, diúscairtí, ceadúnas agus léasanna réadmhaoine a chinntiú<br><br>Tithe a cheannach de réir mar a cheanglaítear faoi thosaíochtaí um Cheannach Tithíochta Sóisialta na Comhairle le haghaidh 2021, e.g. Ceannaigh agus Athnuaigh, Athghiniúint, Cuid V | Gach idirbheart curtha i gcrích de réir na gcaighdeán ábhartha<br><br>Ceannach curtha i gcrích |

| | | |
|---|---|---|
| | Diúscairt Réadmhaoine de réir mar a iarrann rannóga eile nó mar a shainaithnítear agus a dheimhnítear íad mar nithe a sháraíonn riachtanais CCLLC.<br><br>Cur i bhfeidhm Chlár Leasa Réadmhaoine nua a chur chun cinn – athbhreithniú leanúnach chun a chinntiú go ndéantar gach réadmhaoin a thaifead ar an gcóras<br><br>Ioncam atá dlite don Chomhairle le haghaidh cíosanna, táillí ceadúnais agus diúscairtí a bhailiú | Diúscairtí críochnaithe mar a iarradh.<br><br>Próiseas tairiscintí críochnaithe do bhunachar sonraí nua agus tá obair le leanúint ar aghaidh lena chur i bhfeidhm<br><br>Ioncam bailithe |
| Scéim Tarscaoilte Dramhaíola | Tarscaoileadh eisithe le haghaidh táillí Bailithe Dramhaíola i gcomhlíon an Bhille um Tharscaoileadh Bruscair atá ceadaithe ag an gComhairle | íon Tarscaoilte eisithe |
| Scéim Péinteála | Faoin scéim seo tairgtear deontas 50% faoi réir uasmhéid de €500 chun aghaidh siopa/tí a fheabhsú – i bhfoirgnimh thréigthe / fholmha den chuid is mó. | Líon na nDeontas eisithe |
| Tacaíocht do Rannpháirtíocht Saoránach san Fhearann Poiblí | An pobal ag croílár dhearadh an spáis phoiblí trí fheabhsuithe san fhearann poiblí a chuireann ar chumas saoránach | Líon Cathracha/Bailte forbartha<br><br>Líon Tionscadal Pobail ar tacaíodh leo<br><br>Líon pleananna pobail/fearainn phoiblí |

| | | |
|---|---|---|
| | deiseanna maireachtála ina gceantair áitiúla a fheabhsú | |
| Riar Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte | Scéim Deontais chun bailte agus sráidbhailte tuaithe ar fud Luimnigh a athnuachan | Líon iarratas ar Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte ceadaithe le haghaidh 2022 |
| Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Luimnigh (CFPA) | Tacú le feidhmeanna cinnteoireachta CFPA i SICAP, LEADER agus cláir eile atá dírithe ar fhorbairt pobail áitiúil. Tacú lena ról straitéiseach cur chuige níos comhordaithe a chinntiú i ndáil le forbairt pobail áitiúil | Cuireann CFPA a ról maoirseachta i bhfeidhm go héifeachtach i SICAP agus LEADER agus cláir deontais eile (e.g., CFP).<br><br>Soláthraíonn CFPA comhar feabhsaithe idir gníomhaireachtaí agus comhordú i ndáil le pleanáil agus soláthar clár forbartha pobail i bpobail áitiúla. |
| Clár Gníomhachtúcháin agus Pobail um Ionchuimsiú Sóisialta (SICAP) | Tacú le CFPA le maoirseacht agus bainistiú SICAP a thabhairt ar chonradh do Chuideachtaí Forbartha Áitiúla;<br><br>A chinntiú go bhfuil spriocanna fisiciúla agus airgeadais á gcomhlíonadh i ndáil le soláthar an chláir agus go bhfuil tacaíocht á cur ar fáil do na daoine, grúpaí agus pobail is mó atá faoi mhíbhuntáiste. | Tá tosaíochtaí SICAP comhaontaithe ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil agus á gcur chun feidhme ina n-iomláine.<br><br>Táthar ag dul i bhfeidhm go héifeachtach ar na grúpaí agus ar na pobail is mó atá faoi mhíbhuntáiste.<br><br>Cuirtear PTFanna i gcrích laistigh de na paraiméadair chostais atá sonraithe le haghaidh Cuideachtaí Forbartha Áitiúla. |
| Straitéis Forbartha Áitiúil / Forbartha Tuaithe LEADER | Tacú le CFPA le maoirseacht agus rolladh amach / soláthar LEADER agus clár pobail eile atá dírithe ar fhorbairt tuaithe | Maoiniú cláir (€) geallta agus tarraingthe anuas ag grúpaí pobail agus ag fiontair áitiúla i gceantair thuaithe.<br><br>Aird tugtha ar raon geografach i dtionscadail forbartha tuaithe lena n-áirítear freastal |

| | | |
|---|---|---|
| | | déanta ar phobail tuaithe agus faoi mhíbhuntáiste níos mó. |
| Tacaíochtaí COVID 19 | Maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar Tacaíochtaí COVID, lena n-áirítear an Feachtas *Go dTé tú Slán* | Tacaíochtaí Freagartha Pobail COVID a sholáthar de réir mar is gá<br><br>Tionscnaimh (Líon) curtha ar fáil mar chuid den Fheachtas *Go dTé tú Slán* |
| Clár Aoisbhách | Maoirseacht a dhéanamh ar an gClár Aoisbhách | Líon tionscnamh curtha ar fáil<br><br>Líon na dtairbhithe |
| Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) | Tacú le feidhmiú éifeachtach LRP de réir a róil - is é sin ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna sonracha, an earnáil dheonach / guth an phobail a chur san áireamh agus níos mó rannpháirtíochta i gcinnteoireacht<br><br>Tacú le forbairt acmhainne grúpaí pobail agus deonacha i gcomhar le LRP | Clár Oibre Rúnaíocht LRP forbartha agus curtha chun feidhme.<br><br>Ionadaithe LRP agus a rannpháirtíocht i gcoistí ábhartha agus struchtúir eile. |
| Plean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail (PÁGP) | A chinntiú go bhfuil tionscadail / tionscnaimh atá á soláthar ailínithe leis an straitéis PAGP agus réimsí gníomhaíochta.<br><br>Monatóireacht agus athbhreithniú ar chur chun feidhme PAGP<br><br>Tús a chur le forbairt an PÁGP nua | Fianaise ar dhul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme gníomhartha in PAGP.<br><br>Tosaíochtaí sonracha sainaitheanta le haghaidh 2022 |
| Clár Éire Sláintiúil | Leanúint le Clár Éire | Líon tionscadal ar tacaíodh leo |

| | | |
|---|---|---|
| | Sláintiúil a rolladh amach | Líon tionscadal maoinithe |
| Plean Straitéiseach Luimneach ag Foghlaim 2018-2022 | Leanúint ag tacú le rolladh amach Phlean Straitéiseach Luimneach ag Foghlaim i gcomhar le comhpháirtithe seachtracha, ag cur le Gradam Chathair ag Foghlaim UNESCO.<br><br>Tacú le foghlaim agus rannpháirtíocht chuimsitheach i bhfoghlaim daoine ag a bhfuil an leibhéal oideachais is ísle. | Cur le rannpháirtíocht soláthraithe foghlama agus foghlaimeoirí aonair i bhFéile Fhoghlaim ar feadh an tSaoil bhliantúil Luimnigh.<br><br>Fianaise ar chomhoibriú idirghníomhaireachta i gcomhpháirtíocht foghlama agus tionscnaimh chun deiseanna foghlama a fheabhsú do chách |
| A chinntiú go bhfuil ceantar riaracháin CCCL airdeallach ar an timpeallacht agus ar oideachas. | Forléargas ar agus bainistiú TLC Luimnigh ó pheirspictíocht Chomhairle Cathrach agus<br>Contae Luimnigh de | Imeacht rathúil TLC reáchtáilte gan aon deacrachtaí sláinte agus sábháilteachta |
| | Tacaíochtaí do na Bailte Slachtmhara | Seimineár Bliantúil<br><br>Líon bonn |
| | Oideachas trí Chlár na Scoileanna Glasa agus bainistíocht áitiúil chlár Scoileanna Glasa An Taisce | Líon na measúnaithe |
| | Tionscnaimh um Chosc Dramhaíola - Scéimeanna Athchúrsála, Athúsáide, Deisiúcháin<br><br>Tionscnaimh um Chosc an Údaráis Áitiúil | Líon na dtionscnamh |

| | | |
|---|---|---|
| | Deontas um fheabhsú na timpeallachta *Going for Gold* a bhainistiú. | Líon rannpháirtithe – Athrú ar mharcanna i gComórtas na mBailte Slachtmhara (méadú) |
| | Bainistiú agus breithniú an chomórtais G4G<br><br>Deontas UA EPF 21 | <br><br>Líon iarratasóirí – ceardlanna rathúla |

# An Stiúrthóireacht Tithíochta

Foilsíodh 'Tithíocht do Chách – Plean Nua Tithíochta d'Éirinn' ar an 9 Meán Fómhair 2021 agus is é Plean Tithíochta an Rialtais go dtí 2030 é. Is plean ilbhliantúil, il-billiún euro é, a fheabhsóidh Córas Tithíochta na hÉireann agus a sholáthróidh níos mó tithe de gach cineál do dhaoine a bhfuil riachtanais tithíochta éagsúla acu.

Tá ceithre chonair ag an mbeartas chun tithíocht do chách a bhaint amach:

- **Conair 1 -** Úinéireacht Tí a thacú agus Inacmhainneacht a Mhéadú
- **Conair 2 -** Díothú Easpa Dídine, Soláthar Tithíochta Sóisialta a Mhéadú agus cuimsithiú Sóisialta a thacú.
- **Conair 3 –** Soláthar Tithíochta Nua a Mhéadú
- **Conair 4 -** Aghaidh a thabhairt ar Réadmhaoin Fholamh agus Úsáid Éifeachtach an Stoic Reatha.

Tá gníomhartha maidir le gach conair atá le déanamh ag Ranna Rialtais, Údaráis Áitiúla, Gníomhaireachtaí Stáit agus eile. Is trí na gníomhartha comhordaithe seo a bhfuil sé mar aidhm ag an Rialtas córas tithíochta inbhuanaithe a fhorbairt.

Sonraítear sa tábla thíos na cuspóirí soláthar seirbhíse a bhaineann leis na príomhsheirbhísí a sholáthrófar i rith 2022:-

**Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorparáidigh –**

Tá Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorparáidigh atá ag treorú shonrú na bPríomhchuspóirí Seirbhíse don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Tithíochta sonraithe thíos :-

| Cur Síos ar an Straitéis Tacaíochta | Cuspóir Straitéiseach Corparáideach |
|---|---|
| Leanúint le Plean Cur Chun Feidhme Chreat Athnuachana Luimnigh i gcomhpháirt le pobail agus le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta. | Sprioc 1 |
| Tacú le deiseanna chun forbairt samhlacha tithíochta nua a chumasú do Sprioc 3 ghrúpaí sonracha lena n-áirítear tithíocht inacmhainne, tithíocht oiriúnaithe, cíos costais, agus tithe aosaithe chliste agus cóiríocht shonrach don Lucht Siúil. | Sprioc 3 |
| Tacú le gníomhachtú talamh poiblí agus oibriú le gníomhaireachtaí stáit eile chun bonneagar tacaíochta a sholáthar, soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a mhéadú, agus úsáid chuí talamh faoi úinéireacht phoiblí a uasmhéadú. | Sprioc 3 |

| | |
|---|---|
| Tithe inbhuanaithe ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár saoránaigh agus oibriú le príomh-chomhoibrithe lena n-áirítear Earnáil na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe faoi Atógáil Éireann – An Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine lena n-áirítear athúsáid oiriúnaitheach foirgneamh atá folamh faoi láthair. | Sprioc 3 |
| Obair a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag na ceantair athnuachana chomh fada is a bhaineann le hathnuachan shóisialta, gheilleagrach agus fhisiciúil na n-eastát spriocdhírithe mar atá sonraithe i bPlean Cur Chun Feidhme Chreat Athnuachana Luimnigh. | Sprioc 7 |

### Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais –

Leagtar amach sa tábla thíos na Príomhsheirbhísí atá le seachadadh agus an soláthar buiséid ar ghlac Comhaltaí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leis i mBuiséad 2022 chun na seirbhísí seo a mhaoiniú:

| Príomhsheirbhís /Buiséad | Cur Síor ar an tSeirbhís | Iomlán € |
|---|---|---|
| A01 | Cothabháil Feabhsú Aonaid Tithíochta an Údaráis Áitiúil (UA) | 9,939,925 |
| A02 | Measúnú, Leithdháileadh agus Aistriú Tithíochta | 652,063 |
| A03 | Riar Cíosanna Tithíochta agus Ceannaigh ag Tionóntaí | 1,105,744 |
| A04 | Tacaíocht d'Fhorbairt Tithíochta Pobail | 684,982 |
| A05 | Riar Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean | 7,190,062 |
| A06 | Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta | 2,234,089 |
| A07 | Clár na Scéime Cóiríochta Cíosa (SCC) agus Léasaithe | 15,030,325 |
| A09 | Deontais Tithíochta | 863,238 |
| A11 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitithe | 2,046,100 |
| A12 | Clár HAP | 574,934 |
| B04 | Bóithre Áitiúla – Cothabháil agus Feabhsú | 25,000 |
| **Iomlán** | | **40,346,461** |

### Príomhchuspóirí Seirbhíse -

Sonraítear sa tábla thíos na cuspóirí soláthar seirbhíse a bhaineann leis na príomhsheirbhísí a sholáthrófar i rith 2022:-

| Príomhsheirbhísí | Cuspóir | Caighdeán Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Cothabháil/Feabhsú Aonaid Tithíochta an Údaráis Áitiúil | Cothabháil ghinearálta an stoic tithíochta agus aonaid a thabhairt ar ais<br><br>corrfholúntais a thabhairt ar ais don stoc tithíochta<br><br>Cothabháil atá Pleanáilte | Clár cothabhála ginearálta bunaithe ar éileamh a sheachadadh laistigh den bhuiséad ag teacht le Lámhleabhar na dTionóntaí agus leis na hamanna freagartha.<br><br>Aonaid fholmha a thabhairt ar ais chuig na caighdeáin réamhligin ar bhealach costaséifeachtach, tráthúil agus comhlíontach.<br><br>Torthaí Éifeachtúlachta Fuinnimh a chinntiú in aonaid de réir clár oibreacha comhaontaithe. |
| Measúnú Tithíochta<br><br>Leithdháileadh agus Aistriú<br><br>Tacaíochtaí Leasa Tithíochta | Cabhrú le hiarratasóirí tithíochta chun rochtain a fháil ar sheirbhísí de réir na gcritéar iarratais.<br><br>Iarratasóir ar Thithíocht Shóisialta a leithdháileadh agus a ainmniú de réir Scéim Leithdháilte Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 2017.<br><br>Rochtain ar thionóntaí nó ar iarratasóirí de réir mar is gá | Iarratais ar thithíocht a phróiseáil go tráthúil.<br><br>Measúnú riachtanas tithíochta a dhéanamh ar bhonn bliantúil<br><br>Nós imeachta a chur i bhfeidhm ina ndéantar measúnú críochnúil roimh leithdháileadh réadmahoine i gcomhar le roinnt páirtithe de réir RCGS.<br><br>Tacaíochtaí a sholáthar do thionóntaí leochaileacha de réir mar is gá. |
| Riaradh Cíosanna Tithíochta agus Ceannaigh ag Tionóntaí | Bailiú táillí a uasmhéadú trí chumarsáid rialta lenár dtionóntaí<br><br>An Scéim Ceannaigh Incrimintigh Tionónta 2016 a riar de réir rialacháin agus treoirlínte | Monatóireacht a dhéanamh ar bhailiú, teagmháil dhíreach a dhéanamh, meabhrúcháin a eisiúint agus íoc pras i measc ár dtionóntaí a éascú.<br><br>Measúnú Bliantúil ar Riachtanais Tithíochta le bheith curtha i gcrích |

| | | |
|---|---|---|
| | | Scéim Cheannaigh Incrimintigh Tionónta 2016 agus Scéim Cheannaigh Incrimintigh 2010, a bhaineann le tithe nuathógtha amháin, a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn go tráthúil. |
| Tacaíocht d'Fhorbairt Tithíochta Pobail | Beartais Bainistíochta Eastáit a chur chun feidhme i dtéarmaí tacaíochtaí agus i ndáil le déileáil le saincheisteanna tuairiscithe ar ábhar imní iad | Rannpháirtíocht réamhghníomhach le pobail agus na gníomhartha riachtanacha ar fad is gá a dhéanamh chun déileáil le saincheisteanna tuairiscithe ar ábhar imní iad |
| Riar Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean | Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean a sholáthar do dhaoine a deir go bhfuil siad Gan Dídean agus daoine atá i mbaol a bheith Gan Dídean | An tSamhail *Housing First* a fhorbairt mar mhodh chun tithe a aimsiú do dhaoine a bhfuil Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean in úsáid acu agus leanúint leis an obair réamhghníomhach atá ar bun ag na seirbhísí *Placefinder* chun deireadh a chur leis an ngá atá ag daoine le húsáid a bhaint as seirbhísí do dhaoine atá gan dídean. |
| Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta | Seachadadh spriocanna an chláir chaipitil Tithíocht do Chách.<br><br>Úsáid tháirgiúil a bhaint as aonaid fholmha fadtéarmacha. | Spriocanna bliantúla a sheachadadh tríd an gcóras seachadta ceithre chéim nuathógtha.<br><br>Aonaid fholmha fadtéarmacha maoinithe a thabhairt ar ais trí chlár athchóirithe go comhlíontach agus laistigh den bhuiséad. |
| Deontais Tithíochta | Tithíocht a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta de réir an mhaoinithe leithdháilte. | Leibhéal caiteachais a choimeád laistigh de leithdháiltí deontais |
| Iasachtaí Tithíochta | Scéimeanna Iasachta Tithíochta a riar agus a bhainistiú de réir rialachán agus treoirlínte | Tacaíocht a thabhairt do Iasachtaí le haghaidh tithe a cheannach agus scéimeanna feabhsúcháin tí de réir leithdháileadh na Roinne, lena n-áirítear Scéim Iasachta Tí Atógáil Éireann (RIHL). |
| Cigireachtaí ar Thithíocht ar Cíos san Earnáil Phríobháideach | Clár cigireachtaí a chur i gcrích in áitribh ar cíos san earnáil phríobháideach lena chinntiú go bhfuil íoschaighdeáin mar atá sonraithe i Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin le haghaidh Tithe ar Cíos) 2019 á gcomhlíonadh | Spriocanna maidir le Cigireachtaí ar Thithíocht ar Cíos san Earnáil Phríobháideach a chur chun feidhme agus comhlíontacht leis na rialacháin a fhorfheidhmiú |

| | | |
|---|---|---|
| Clár HAP | Riar scéimeanna de réir rialachán agus treoirlínte | Spriocanna na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a chomhlíonadh |
| Clár a RAS agus Léasaithe | Riar scéimeanna de réir rialachán agus treoirlínte | Spriocanna na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a chomhlíonadh |
| Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitithe | Riar scéimeanna de réir rialachán agus treoirlínte | Spriocanna na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a chomhlíonadh |
| Cóiríocht don Lucht Siúil | Cothabháil ghinearálta na láithreán stad<br><br>An clár oibreacha atá sonraithe sa Phlean Cóiríochta don Lucht Siúil a chur chun feidhme | Clár cothabhála ginearálta a sheachadadh laistigh den bhuiséad agus comhsheasmhach leis an gCreat Conraitheoirí Airíochais.<br>Clár oibreacha caipitil faoi cheangal ama 2022 a fhorbairt agus dul chun cinn a dhéanamh de réir an sceidil. |

# An Stiúrthóireacht um Iompar agus Soghluaisteacht

Tá tiomantas láidir inár bPlean Corparáideach do bhonneagar iompair inbhuanaithe do Luimneach ag an macraileibhéal agus do choincheapa agus bearta Taisteal Gníomhaigh ag an micrileibhéal. Laistigh den Chomhairle, tá an Stiúrthóireacht um Iompair agus Soghluaisteachta chun tosaigh maidir le forbairt bhonneagar iompair ardchaighdáin do Luimneach, maidir le cothabháil laethúil an ghréasáin bóithre agus maidir le forbairt roghanna taistil inbhuanaithe.

Tá an Stiúrthóireacht um Iompar agus Soghluaisteacht freagrach as beartas agus straitéis sna réimsí seo agus tacaíonn agus riarann sí an SPC Taistil agus Iompair.

Tá an príomhról ag an Stiúrthóireacht maidir le tosaíocht agus maoiniú na dtionscadal forbartha fisiceach agus bonneagair go léir maidir le bóithre agus Scéimeanna Taistil Ghníomhaigh –an dara ceann á bhainistiú ag foireann nua Thaistil Gníomhach na Stiúrthóireachta.

Cuimsíonn an Stiúrthóireacht freisin Oifig Dearaidh Bóithre Náisiúnta an Mheán-Iarthair (MWNRDO), atá freagrach as mórthionscadail bhonneagair a chur i gcrích lena n-áirítear Scéim Bhóthar N/M20 Corcaigh go Luimneach agus Bóthar Fhainge-Luimneach (lena n-áirítear seachbhóthar Áth Dara).

Tá an Stiúrthóireacht um Iompar agus Soghluaisteacht ar cheann de Stiúrthóireachtaí Straitéiseacha na Comhairle agus oibríonn sí go dlúth leis na Stiúrthóireachtaí eile chun cur le beartais agus le straitéisí réigiúnacha agus náisiúnta.

Oibríonn an Stiúrthóireacht go dlúth freisin le Bonneagar Iompair Éireann (TII), an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus an Roinn Iompair (DoT) ar thionscadail mhóra bóithre agus ar thionscadail taistil ghníomhaigh a chur i gcrích agus tá sí ag obair go dlúth leis an NTA ar sheachadadh agus ar rolladh amach deiridh Straitéis Iompair Cheantar Cathrach Luimnigh na Sionainne (LSMATS). Agus TII ag glacadh ról an údaráis formheasa d'fhorbairt scéimeanna Glasbhealaí ón DoT amach anseo, bainisteoidh an MWNRDO Glasbhealaí Luimnigh thar ceann TII agus comhlíonfaidh sé treoirlínte agus cóid caiteachais TII.

### Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorparáidigh -

Tá Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorparáidigh atá ag treorú shonrú na bPríomhchuspóirí Seirbhíse don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Fhisiciúil sonraithe thíos:-

| Cur Síos ar an Straitéis Tacaíochta | Cuspóir Straitéiseach Corparáideach |
|---|---|
| An deis agus an timpeallacht a chruthú chun déileáil le dúshláin uirbeacha a bhaineann le hathbheochan inbhuanaithe, gheilleagrach, timpeallachta agus shóisialta Luimnigh trí spriocanna agus cuspóirí an Phlean Chorparáidigh a ailíniú le cuspóirí um Fhorbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe | Sprioc 1 |
| Bonneagar taistil inbhuanaithe a chomhtháthú le forbairtí nua agus gréasán iompair comhtháite cliste a sheachadadh a fheabhsaíonn nascacht agus úsáid mhéadaithe de mhodhanna taistil inbhuanaithe. | Sprioc 3 |
| A chinntiú go mbeidh pleanáil bonneagair iompair ag teacht leis na cuspóirí agus na gníomhartha atá leagtha amach sa Bheartas Náisiúnta (Taisteal Níos Cliste, 2009) agus sa doiciméad beartais ina dhiaidh sin. | Sprioc 3 |
| Príomhthionscadail bhonneagair iompair a chur chun cinn thar na cúig bliana amach romhainn lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do mhótarbhealach N/M20 Corcaigh go Luimneach, Scéim Feabhsúcháin Bóthair ó Fhaing go Luimneach (lena n-áirítear Seachbhóthar Áth Dara), Scéim Réimse Poiblí Shráid Uí Chonaill agus Bóthar Dáileacháin Luimnigh Thuaidh. | Sprioc 3 |
| Cur chun feidhme bheartas an Rialtais faoi aistriú na hÉireann chuig Todhchaí Neodrach ó Thaobh Carbóin de a chinntiú faoi 2050 agus glacadh le Plean Maolaithe Luimnigh 2030 chun tacú le cur chun feidhme Straitéis um Oiriúnú Luimnigh 2019-2024. | Sprioc 4 |
| Feasacht timpeallachta a chur chun cinn agus tacú leis lena chinntiú go bhfuil timpeallacht mhaireachtála sláintiúil á cruthú do gach saoránach agus do na glúnta amach anseo. | Sprioc 4 |

### Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais –

Sonraítear sa tábla thíos na Príomhsheirbhísí atá le soláthar agus an fhoráil bhuiséadach ar ghlac Comhaltaí de Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leo i mBuiséad 2022 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú

| Príomhsh eirbhís /Buiséad | Cur Síos ar an tSeirbhís | Iomlán € |
|---|---|---|
| B01 | Príomhbhóthar Náisiúnta – Cothabháil agus Feabhsú | 1,522,620 |
| B02 | Bóthar Náisiúnta den Dara Grád – Cothabháil agus Feabhsú | 346,610 |
| B03 | Bóthar Réigiúnach – Cothabháil agus Feabhsú | 11,776,820 |
| B04 | Bóthar Áitiúil – Cothabháil agus Feabhsú | 20,507,524 |
| B05 | Soilsiú Poiblí | 2,240,112 |
| B06 | Feabhsú Bainistíochta Tráchta | 1,260,823 |
| B07 | Feabhsú Innealtóireachta Sábháilteacht ar Bhóithre | 596,300 |
| B08 | Cur Chun Cinn/Oideachas Sábháilteacht ar Bhóithre | 597,729 |
| B09 | Carrchlós | 1,042,714 |
| B10 | Tacaíocht don Chlár Caipitil Bóithre | 380,463 |
| B11 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitithe | 863,558 |
| C04 | Leithris Phoiblí | 159,192 |
| E06 | Glanadh Sráideanna | 3,847,376 |
| E15 | Athrú Aeráide agus Tuilte | 910,000 |
| F03 | Oibríochtaí Limistéir Fóillíochta Lasmuigh | 11,185 |
| F05 | Oibriú an Chláir Ealaíon | 18,355 |
| G01 | Costais Draenála Talún | 175,219 |
| G02 | Oibriú agus Cothabháil Céanna agus Calafort | 10,000 |

| | | |
|---|---|---|
| H01 | Cuntas Brabúis/Caillteanais Innealra | 2,403,266 |
| H02 | Cuntas Brabúis/Caillteanais Stórtha | 102,654 |
| H06 | Droichid Mheáite | 1,000 |
| J01 | Costais Foirgneamh Corparáideach | 855,872 |
| J02 | Seirbhísí Corparáideacha Ginearálta | 76,068 |
| J03 | Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide | 102,570 |
| J08 | Oifigí Ceantair | 176,504 |
| **Iomlán** | | **49,984,537** |

### Príomhchuspóirí Seirbhíse -

Sonraítear sa tábla thíos na cuspóirí soláthar seirbhíse a bhaineann leis na príomhsheirbhísí a sholáthrófar i rith 2022:

| Príomhsheirbhísí | Cuspóir | Caighdeán Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Cothabháil agus Feabhsú Bóithre | An Clár Bliantúil um Chothabháil agus Feabhsú Athshlánaíoch a chur i gcrích. | Ciliméadair de bhóthar arna gcothabháil/arna ndeisiú |
| Soilsiú Poiblí | An bonneagar soilsithe poiblí a chothabháil | % den Líon soilse deisithe laistigh den sprioclá sonraithe. |
| Soilsiú Poiblí | Uasghráduithe LED chun an fuinneamh a úsáidtear le haghaidh soilsiú poiblí a laghdú | % laghdú ar an meánfhuinneamh a úsáidtear in aghaidh na bliana in aghaidh an laindéir |
| Bainistíocht Bruscair / Glanadh Sráideanna | Na bealaí glanta sráide reatha a chothabháil | Líon na scuabtha in aghaidh na bliana in aghaidh an bhealaigh |
| Taisteal Gníomhach/Iompar Inbhuanaithe | Feabhsuithe ar an Timpeallacht Coisithe ag teacht le LSMATS | % den ghréasán coisithe príomhúil iomlán. |

| | | |
|---|---|---|
| Taisteal Gníomhach/Iompar Inbhuanaithe | Líonra Rothaíochta cuimsitheach a fhorbairt ag teacht le LSMATS | % den ghréasán rothaíochta lán-nasctha ardchaighdeáin. |
| LSMATS | Straitéis críochnaithe comhaontaithe LSMATS a bhaint amach i gcomhar le NTA , TII agus Comhairle Contae an Chláir | Críochnaithe Q1/Q2 |
| Straitéis Lochtaithe EV do Luimneach | Straitéis Lochtaithe EV a fhorbairt do Luimneach | Críochnaithe sa bhliain féilire |
| Straitéis Iompair agus Gluaiseachta don Chaisleán Nua Thiar – Baile Leibhéal 1 Luimnigh | An Straitéis Iompair agus Gluaiseachta don Chaisleán Nua Thiar a thabhairt chun críche | Críochnaithe sa bhliain féilire |
| Plean Bainistíochta Tráchta do Chathair Luimnigh | Réamhphlean Bainistíochta Tráchta do Chathair Luimnigh tar éis LSMATS a thabhairt chun críche | Críochnaithe sa bhliain féilire |
| Tionscadail Bhonneagair Iompair | Príomhthionscadail bhonneagair iompair a chur chun cinn lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta don N/M20 Bóthar Chorcaí go Luimneach, Bóthar Fhaing go Luimneach (lena n-áirítear Seachbhóthar Áth Dara), Bóthar Acomhal an N24 Cathair go Luimneach, Bóthar an N21 An Caisleán Nua Thiar agus Bóthar an N21 Mainistir na Féile. | Garspriocanna bainte amach |
| Glasbhealaí | Bainistigh Féarbhealaí Luimnigh de réir threoirlínte agus cóid chaiteachais TII | Garspriocanna bainte amach |

# An Stiúrthóireacht um Pleanáil, Comhshaol agus Comhfhorbairt Áite

Tá tiomantas láidir dár dtimpeallacht fhisiciúil agus nádúrtha inár bPlean Corparáideach. Laistigh den Chomhairle, tá an Stiúrthóireacht um Pleanáil, Comhshaoil agus Comhfhorbairt Áite chun tosaigh i réimsí ar nós bainistíocht forbartha, straitéis comhshaoil, cosaint agus forfheidhmiú, áineas agus fóillíocht agus athrú aeráide. Tá cur chuige cuimsitheach á fhorbairt ag an Rannóg maidir le comhfhorbairt áite lena n-áirítear nuálaíocht uirbeach agus fearann poiblí, seachadadh tionscadal caipitil lena n-áirítear bóithre, sráideanna agus foirgnimh.

Tháinig struchtúr eagraíochtúil nua i bhfeidhm an 1 Iúil 2021. D'fhreagair an t-athstruchtúrú seo do thosaíochtaí idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla lena n-áirítear athrú aeráide, tithíocht, athghiniúint agus an tábhacht maidir le háiteanna ardchaighdeáin a chruthú inar mian le daoine cónaí, oibriú, súgradh agus foghlaim iontu. Freagraíonn cruthú na Rannóige um Chomhfhorbairt Áite agus Fearainn Phoiblí go díreach don tuiscint mhéadaithe ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige cuimsitheach bunaithe ar phlean as a gcruthaítear limistéir rathúla, áiteanna poiblí ar ardchaighdeán sa timpeallacht thógtha agus nádúrtha.

Is cur chuige ilghnéitheach é Comhfhorbairt Áite maidir le pleanáil, dearadh, seachadadh réamhghníomhach agus bainistiú limistéar uirbeach agus lár an bhaile d'fhonn áiteanna, foirgnimh agus spás poiblí ardchaighdeáin a chruthú a chuireann inbhuanaitheacht fhisiciúil, geilleagrach agus comhshaoil chun cinn chomh maith le cuimsiú sóisialta. Féachann sé le féiniúlacht agus mórtas áite láidir a chruthú chun torthaí a fheabhsaíonn sláinte, sonas agus folláine a bhaint amach chomh maith le dul i ngleic le saincheisteanna comhshaoil.

Tagraíonn Fearann Poiblí go ginearálta do gach limistéar a bhfuil rochtain ag an bpobal air, mar shampla sráideanna, lánaí, páirceanna, droichid agus spásanna oscailte. Áirítear le hobair reatha na Roinne Comhfhorbairt Áite agus Fearainn Phoiblí tionscadail ardphróifíle mar shampla Glasbhealach Luimnigh, Tionscadal Athnuachana Shráid Uí Chonaill agus Bóthar Dáileacháin Chuanach Chnoc an Lisín. Cuimsíonné scála na dtionscadal €58 milliún euro sa chuid is aorde den raon go hidirghabhálacha uirbeacha ar scála beag. Tá an rannóg nua le forbairt in 2022 agus tógfaidh sí ar láidreachtaí na foirne ildisciplíneacha reatha agus ó thaobh Comhfhorbairt Áite de, tógfaidh sí ar an obair atá leagtha amach i bPlean Luimnigh 2030 maidir le lár na cathrach.

Tá an Stiúrthóireacht freagrach as beartas agus straitéis sna réimsí seo agus tacaíonn sí leis an CPS um Ghníomhú ar son na hAeráide, na Bithéagsúlachta agus an Chomhshaoil. Tá an Stiúrthóireacht freagrach as freagrachtaí na Comhairle a bhainistiú faoin gCreat-Treoir Uisce, faoin Treoir maidir le Tuilte agus faoi Rialacháin um Thorainn Comhshaoil.

Tá an Stiúrthóireacht comhdhéanta de na Ranna seo a leanas:

- Seirbhísí Pleanála agus Comhshaoil

- Comhfhorbairt Áite agus Fearann Poiblí
- Nuálaíocht Uirbeach
- Seirbhísí Tréidliachta
- Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh

**Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorparáidigh -**

Tá Straitéisí Tacaíochta an Phlean Chorparáidigh atá ag treorú shonrú na bPríomhchuspóirí Seirbhíse Phleanáil, Comhshaol afu Comhfhorbairt Áite sonraithe thíos:-

| Cur Síos ar an Straitéis Tacaíochta | Cuspóir Straitéiseach Corparáideach |
|---|---|
| Leanúint le Luimneach 2030 a chur chun feidhme: Plean Geilleagrach agus Spásúil do Luimneach, chun Luimneach beo bríomhar a sholáthar trí thabhairt faoi athnuachan pobal i Luimneach. | Sprioc 1 |
| Cur chuige comhtháite a chur i bhfeidhm maidir le soláthar poiblí, lena n-áirítear soláthar sóisialta agus glas, chun an luach ar chaiteachas Luimnigh a uasmhéadú agus a leathnú. | Sprioc 1 |
| An deis agus an timpeallacht a chruthú chun déileáil le dúshláin uirbeacha a bhaineann le hathbheochan inbhuanaithe, gheilleagrach, timpeallachta agus shóisialta Luimnigh trí spriocanna agus cuspóirí an Phlean Chorparáidigh a ailíniú le cuspóirí um Fhorbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe | Sprioc 1 |
| Ár mbonneagar a chosaint trí scéimeanna cosanta ar thuilte a sholáthar faoi Mheasúnú agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair agus cláir cosanta ar thuilte eile. | Sprioc 3 |
| Bonneagar na réimse poiblí a fheabhsú chun inrochtaineacht a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas ionas go mbeidh gach duine in ann maireachtáil i, obair a dhéanamh i agus rochtain a fháil ar thimpeallacht shábháilte agus chairdiúil. | Sprioc 3 |
| A chinntiú go bhfuil cuspóirí an Plean Forbartha Cathrach agus Contae nua comhsheasmhach leis an gcomhrá faoi agus le cosaint na timpeallachta. | Sprioc 3 |
| Cur chun feidhme bheartas an Rialtais faoi aistriú na hÉireann chuig Todhchaí Neodrach ó Thaobh Carbóin de a chinntiú faoi 2050 agus glacadh le Plean Maolaithe Luimnigh 2030 chun tacú le cur chun feidhme Straitéis um Oiriúnú Luimnigh 2019-2024. | Sprioc 4 |

| | |
|---|---|
| Bonneagar glas a fhorbairt ag leibhéal áitiúil agus tacú le húsáid a bhaint as réitigh nádúrbhunaithe chun gréasán comhsheasmhach agus comhtháite a sholáthar | Sprioc 4 |
| Obair a dhéanamh lena chinntiú nach mbeidh aon ghlanchaillteanas bithéagsúlachta i gceist trí straitéisí, pleanáil, bearta maolaithe, frithháireamh oiriúnach agus/nó infheistíocht i mbonneagar Gorm-Glas. | Sprioc 4 |
| Trí mhapáil straitéiseach torainn agus pleanáil gnímh torainn, tacú le bainistíocht réamhghníomhach torainn áit ar dócha go mbeidh tionchar suntasach díobhálach aige ar shláinte agus caighdeán saoil. | Sprioc 4 |
| Plean Uile-Éireann um Pailneoirí a chur chun feidhme lena n-áirítear spásanna poiblí a dhéanamh níos oiriúnaí do phailneoirí, agus fianaise a bhailiú chun súil a choinneáil ar na feabhsúcháin. | Sprioc 4 |
| Feasacht timpeallachta a chur chun cinn agus tacú leis lena chinntiú go bhfuil timpeallacht mhaireachtála sláintiúil á cruthú do gach saoránach agus do na glúnta amach anseo. | Sprioc 4 |
| Leanúint ar aghaidh le agus bearta atá dírithe ar dhíothú, rialú agus coimeád speiceas ionrach a fheabhsú. | Sprioc 4 |
| Cáilíocht an uisce in aibhneacha, lochanna, inbhir agus screamhuisce an chontae a fheabhsú trí chur chun feidhme an Phlean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn. | Sprioc 4 |
| Caighdeán an aeir a fheabhsú trí thacú le hiompar poiblí, siúl, rothaíocht agus tithe agus córais téimh atá tíosach ar fhuinneamh. | Sprioc 4 |
| Tacú leis an ngluaiseacht i dtreo geilleagar ciorclach, agus é sin a éascú agus a dhreasú, agus an úsáid atá á baint as earraí aonúsáide a laghdú. | Sprioc 4 |
| Áiseanna agus spásanna poiblí mealltacha agus sábháilte a sholáthar agus a chothabháil, atá inrochtana go hiomlán don phobal ar fad. | Sprioc 5 |
| Forbairt áiseanna pobail a chur chun cinn agus tacú lena leithéid lena náirítear áiseanna áineasa, spóirt agus cultúrtha do dhaoine agus do phobail sa Chathair agus sa Chontae ionas gur féidir linn rochtain ar a leithéid sin d'áiseanna a fheabhsú do dhaoine i Luimneach agus a chinntiú go bhfuil an soláthar éifeachtach. | Sprioc 5 |

| | |
|---|---|
| Trí Chomhpháirtíocht Spóirt Luimnigh, leanúint leis an obair chun rannpháirtíocht a spreagadh i measc grúpaí ina bhfuil na leibhéil rannpháirtíochta íseal agus i measc grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht fhisiciúil agus spórt. | Sprioc 5 |
| Tacú le próisis chomhairliúcháin agus rannpháirtíochta a bhfuil brí agus éifeachtach leo i bhforbairt pleananna, i ndéanamh beartais agus i ndearadh na seirbhísí agus na dtionscadal agus iad a chur i gcrích. | Sprioc 6 |
| Rannpháirtíocht ghníomhach a dhéanamh lenár bpobail ar bhealaí nua agus nuálaíocha chun rannpháirtíocht ghníomhach chathartha a chur chun cinn agus chun tacú le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail trí dhaoine, acmhainní agus pleanáil a thabhairt le chéile ionas gur féidir le daoine ról gníomhach a ghlacadh i gcinneadh conas a fhorbróidh a bpobal. | Sprioc 6 |
| Oibriú lenár gcomhghleacaithe ar fud na hearnála poiblí agus lenár gcomhpháirtithe san earnáil dheonach/pobail chun gealltanas comhroinnte atá sonraithe i gCairt Luimnigh a sholáthar do Luimneach | Sprioc 7 |
| chinntiú go mbainimid amach na caighdeáin eiticiúla is airde sna réimsí seo a rachaidh chun tairbhe gach saoránach, páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. | Sprioc 8 |
| A bheith éifeachtúil, éifeachtach agus tiomanta do sheirbhísí a sholáthar a bheidh mar bhonn agus thaca ag Luimneach Nuálaíoch. | Sprioc 8 |

### Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais –

Sonraítear sa tábla thíos na Príomhsheirbhísí atá le soláthar agus an fhoráil bhuiséadach ar ghlac Comhaltaí de Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leo i mBuiséad 2022 chun na seirbhísí sin a mhaoiniú :-

| Príomhsheirbhís /Buiséad | Cur Síos ar an tSeirbhís | Iomlán € |
|---|---|---|
| D02 | Forbairt Bainistíochta | 2,811,921 |
| D03 | Forfheidhmiúchán | 544,016 |
| D07 | Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe | 70,649 |
| D09 | Forbairt agus Cur Chun Cinn Geilleagrach | 285,194 |

| | | |
|---|---|---|
| D11 | Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhantais | 150,337 |
| D12 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitithe | 36,788 |
| E01 | Oibriú agus Iarchúram Líonta Talún | 283,027 |
| E02 | Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála agus Athchúrsála | 609,509 |
| E03 | Oibríochtaí Saoráidí Dramhaíl go Fuinneamh | 264,369 |
| E04 | Soláthar Seirbhísí Bailithe Dramhaíola | 3,684 |
| E05 | Bainistíocht Bruscair | 695,641 |
| E07 | Rialacháin, Faireachán agus Forfheidhmiú Dramhaíola | 548,516 |
| E08 | Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola | 155,846 |
| E09 | Cothabháil Ionad Adhlactha | 1,316,568 |
| E10 | Sábháilteacht Déanmhas agus Áiteanna | 52,340 |
| E13 | Cáilíocht an Uisce, Truailliú Aeir agus Torainn | 638,734 |
| E15 | Athrú Aeráide agus Tuilte | 200,000 |
| F01 | Oibríochtaí Áiseanna Fóillíochta | 50,000 |
| F03 | Oibríochtaí Limistéir Fóillíochta Lasmuigh | 2,586,786 |
| F04 | Forbairt Pobail, Spóirt agus Fóillíochta | 40,000 |
| G04 | Seirbhís Tréidliachta | 737,072 |
| G06 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus Forchúitithe | 1,070 |
| H07 | Oibriú Margaí agus Corrthrádála | 10,849 |
| J02 | Seirbhísí Corparáideacha Ginearálta | 60,900 |
| **Iomlán** | | **12,153,817** |

**Príomhchuspóirí Seirbhíse -**

Sonraítear sa tábla thíos na cuspóirí soláthar seirbhíse a bhaineann leis na príomhsheirbhísí a sholáthrófar i rith 2022:-

| Príomhsheirbhísí | Cuspóir | Caighdeán Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Bainistíocht Forbartha agus Forfheidhmiú Pleanála | Feidhmeanna reachtúla Pleanála a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go sroicheann muid na caighdeáin eiticiúla is airde sna réimsí seo ar mhaithe le gach saoránach, páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. | Feidhmeanna pleanála curtha i gcrích de réir riachtanais reachtúla. |
| Oibriú agus Iarchúram Líonta Talún | Iarchúram líonta talún agus dramhaíola chuig saoráidí fuinnimh a bhainistiú | Clár oibre le haghaidh saoráidí bainistíochta dramhaíola agus athchúrsála a chur chun feidhme. |
| Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála agus Athchúrsála | Saoráidí agus oibríochtaí athchúrsála a sholáthar agus a fheabhsú. | Clár oibre le haghaidh saoráidí bainistíochta dramhaíola agus athchúrsála a chur chun feidhme. |
| Oibríochtaí Saoráidí Dramhaíl go Fuinneamh | Iarchúram saoráidí líonta talún agus dramhaíl go fuinnimh a bhainistiú. | Clár oibre le haghaidh saoráidí bainistíochta dramhaíola agus athchúrsála a chur chun feidhme. |
| Bainistíocht Bruscair | Plean Bainistíochta Bruscair na Comhairle a chur chun feidhme. Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Bainistíochta Bruscair reatha agus Plean Bainistíochta Bruscair nua a fhorbairt. | Cuspóirí an Phlean Bainistíochta Bruscair a chomhlíonadh. |
| Rialúchán, Bainistíocht agus Pleanáil Dramhaíola | Reachtaíocht um bainistiú dramhaíola a chur i bhfeidhm | Riachtanais reachtúla a chomhlíonadh agus beartais a chur i bhfeidhm |

| | | |
|---|---|---|
| Cáilíocht an Uisce | Stádas cháilíocht uisce uiscí dromchla agus screamhuisce a chaomhnú agus a fheabhsú de réir an Phlean Bainistíochta Abhantraí. | Ceanglais mhonatóireachta atá sonraithe sa Phlean Cigireachta Timpeallachta (RMCEI) a chomhlíonadh. |
| Truailliú Aeir agus Torainn | An Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn a chur chun feidhme. | Samhaltú torainn a dhéanamh i réimsí tosaíochta. |
| | Treoir a sholáthar maidir le gnéithe torainn in Iarratais Phleanála Straitéiseacha (lena n-áirítear Feirmeacha Gaoithe). | Líon na n-iarratas pleanála straitéiseach á bpróiseáil. |
| Athrú Aeráide | Tacú le Gníomhaireacht Fuinnimh Luimnigh-An Chláir chun beartas CCCL le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite agus aistriú ísealcharbóin, a chur i bhfeidhm. | Leanúint leis an obair a bhaineann le coigilteas éifeachtúlachta fuinnimh de 50% a bhaint amach faoin mbliain 2030. |
| | | Leanúint leis an obair a bhaineann le coigilteas éifeachtúlachta fuinnimh de 30% a bhaint amach faoin mbliain 2030. |
| | Athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide i gcomhthéacs an Phlean Gníomhaíochta Aeráide atá le teacht. | |
| | Tabhairt faoi obair ullmhúcháin roimh fhorbairt Phlean Gníomhaíochta Aeráide Luimnigh. | |
| Bainistíocht Tuilte | Dlús a chur leis na Scéimeanna CFRAMS sainaitheanta do Luimneach. | Dlús a chur le scéimeanna tosaíochta chun garspriocanna agus amfrámaí a chomhlíonadh. |
| Oibríochtaí Limistéir Fóillíochta Lasmuigh | Áiseanna poiblí áineasa agus fóillíochta a sholáthar. | Sceideal cothabhála a chur chun feidhme do pháirceanna agus limistéir áineasa. |

| | | |
|---|---|---|
| Seirbhís Tréidliachta | Cuspóirí sláinte poiblí tréidliachta a sheachadadh. | Cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. |
| | Seirbhís Rialaithe Madraí a sholáthar. | Foscadh Madraí a sholáthar agus a oibriú/reachtaíocht ar Rialú Madraí a chur i bhfeidhm. |
| | Ionaid Pórúcháin Madraí a Rialáil. | Reachtaíocht ar bhunaíochtaí Pórúcháin Madraí a chur i bhfeidhm. |
| | Seirbhís Rialaithe Capall a sholáthar. | Reachtaíocht ar Rialú Capall i limistéir phoiblí a chur i bhfeidhm. |
| Pleanáil straitéiseach Reiligí Údaráis Áitiúil | Athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanaisa bheidh ann amach anseo agus láithreáin a shainaithint amach anseo mar is gá | Tús a chur le sainaithint suíomhanna nua de réir na Straitéise Reiligí. |
| Ionaid Adhlactha | Cothabháil ionad adhlactha reatha | Chothabháil laistigh de Bhuiséad leithdháilte |
| Comhfhorbairt Áite agus Fearann Poiblí | Clár Oibre 2022 a bhainistiú chun cur chuige cuimsitheach a chur chun cinn maidir le comhfhorbairt áite inár gcathair agus inár mbailte agus i ndearadh agus i seachadadh raon tionscadal caipitil. | Clár Oibre 2022 a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gCreat Bainistíochta um Oibreacha Caipitil (CWMF) agus leis an gCód Caiteachais Phoiblí. Tionscadail a chur chun cinn de réir garspriocanna agus frámaí ama comhaontaithe. |
| Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh | Léargas dearfach a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga ar ghníomhaíocht fhisiciúil a thacaíonn le rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil<br><br>Acmhainn a fhorbairt i bpobail ar mhaithe le méaduithe leanúnacha ar leibhéil ghníomhaíochta fisiciúla a éascú agus ar an tslí sin folláine a | Líon na gClár agus na dTionscnamh<br><br>Líon na gCeannairí agus na dTionscnamh Oilte |

| | | |
|---|---|---|
| | fheabhsú agus caighdeán saoil a fheabhsú<br><br>Tacú le comhionannas deiseanna agus deis a thabhairt do dhaoine de gach aois agus cumas gníomhaíocht fhisiciúil a rochtain i rith a saoil<br><br>An poitéinseal atá ag soláthraithe gníomhaíochta fisiciúla agus príomhpháirtithe leasmhara lena chinntiú go mbeidh Luimneach Gníomhach le Chéile á fhorbairt..<br><br>Na comhpháirteanna oideachais go léir a sheachadadh a chinntíonn go gcoimeádtar "dea-chleachtas" trí ghrúpaí pobail, eagraíochtaí óige agus clubanna spóirt.<br><br>Moil Spóirt Pobail a chruthú agus a chothú i Cromadh, Maigh Rois agus Garraí Eoghain ag obair le príomh-chomhpháirtithe chun spórt agus gníomhaíochtaí fisiceacha a chur chun cinn.<br><br>An Plean Gníomhaíochta a forbraíodh chun Luimneach a bhunú mar "Chathair Ghníomhach" a chur i bhfeidhm le tacaíocht ó Spórt Éireann agus cuntais Dhíomhaoine.<br><br>Sruthanna maoinithe a sheachadadh trí dheontais a chuideoidh, eagraíochtaí pobail, clubanna spóirt, grúpaí óige agus grúpaí deonacha, filleadh ar spórt | Líon na dTionscnamh agus na gclár a thacaíonn le pobail faoi mhíbhuntáiste agus le grúpaí pobail imeallaithe<br><br>Ag Obair i gComhpháirtíocht<br><br>Líon na gcúrsaí agus oiliúnóirí agus ceannairí cáilithe<br><br>Tionchar na Mol ar an bpobal trí thionscnaimh, cláir agus deiseanna oideachais.<br><br>Forbairt caipitil a chur chun cinn faoin bplean infheistíochta caipitil do Cathracha Gníomhacha<br><br>Tacú leis an "Filleadh ar Spórt agus ar Ghníomhaíocht Choirp" ar fud na bpobal go léir. |

| | | |
|---|---|---|
| | agus gníomhaíocht fhisiciúil tar éis Covid. | |
| Nuálaíocht Uirbeach | Tacú leis an nuálaíocht chun seirbhísí agus táirgí nua uirbeacha a chumasú chun saol agus oibriú uirbeach a athrú ó bhonn chun dul i ngleic le dúshláin an athraithe aeráide agus an gheilleagair dhigitigh. | Tacú le héiceachóras oscailte do sheirbhísí nuálacha sa Chomharsanacht Sheoirseach, an chéad chrios comhoibrithe tiomnaithe i Luimneach trí thacú le príomhthionscadail taispeántais agus gníomhachtú foirgneamh agus láithreán. |
| Láithreáin Tógála agus Gníomhú | Tionscnamh na Cathrach Beo - Bainistigh an scéim chánach i Luimneach agus éascóidh sé úsáid na n-ionad ilfhreastail.<br><br>Láithreáin deise a aithint le haghaidh athfhorbartha agus tacú le húinéirí sa phróiseas sin. | Próiseáil gach iarratas de réir na dtreoirlínte<br><br>Déan athbhreithniú ar fhorbairtí leis an GN agus déan teagmháil le ranna eile. |
| Bainistíocht Tionscadal Taispeána | Comhordú a dhéanamh ar iarratais ar mhaoiniú chuig raon institiúidí a thacaíonn leis an gcuspóir d'fhás dlúth a fhéadfaidh gníomhú mar chatalaíoch d'infheistíocht phríobháideach sa Chomharsanacht Sheoirseach.<br><br>Bainistiú a dhéanamh ar sheachadadh na n-iarratas maoinithe rathúla.<br><br>Mar chuid den tionscadal +CxC tá an AitheantasÚsáideora ag tacú le cruthú bloc fuinnimh dearfaigh laistigh de lár na cathrach | Sruthanna féideartha maoinithe a aithint agus cur isteach iarratas a chomhordú.<br><br>Idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí reachtúla agus pobail áitiúla Pobal Fuinnimh In-athnuaite a bhunú sa Chomharsanacht Sheoirseach. |
| Rannpháirtíocht saoránach agus Nuálaíocht Comhordú agus tástáil fhréamhshamhla | Nuálaíocht Uirbeach chun oibriú na Saotharlann Nuálaíochta Saoránach le UL a bhainistiú.<br><br>Déanfaidh Nuáil Uirbeach dúshláin oscailte a óstáil agus a bhainistiú chun réitigh nuálaíocha | Oscail Saotharlann Nuálaíochta na Saoránach in iarfhoirgneamh Dunnes Stores.<br><br>Glao oscailte saoránach a reáchtáil de réir cheadú maoinithe URDF. |

| | | |
|---|---|---|
| | a chothú chun táirgí agus seirbhísí nua a chumasú trí sheisiúin chomhdhearaidh, trí imeachtaí rannpháirtíochta agus nuálaíochta saoránach agus trí Thaighde Nuálaíochta do Ghnóthais Bheaga (SBIR) i gCeathrú Nuálaíochta na Comharsanachta Seoirsí.<br><br>Comhordóidh an Nuáil Uirbeach cláir de rannpháirtíocht ghníomhach na saoránach chun tacú le cuspóirí na gníomhaíochta aeráide agus athbheochan na Comharsanachta Seoirsí. | An clár Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide a Dhícharbónú Le Chéile a sheachadadh.<br><br>Clár rannpháirtíochta saoránach agus próisis chomhairliúcháin phoiblí eile a reáchtáil. |
| Comhordú Ionstraim Airgeadais | Féachfaidh an Nuáil Uirbeach go gníomhach le meicníochtaí airgeadais nuálacha a fhorbairt chun tacú le hathbheochan na Comharsanachta Seoirsí. | |